BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

# Bord Oideachais 7 Oiliúna Chiarraí

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2019

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

| Bord BOO Chiarraí (ó mhí Márta 2020) | |
|---|---|
| An Comh. Jim Finucane (An Cathaoirleach) | Maryanne Slattery Uasal |
| An Comh. Terry O'Brien (An Leas-Cathaoirleach) | Catherine O'Sullivan Uasal |
| An Comh. Fionnán Fitzgerald | Noel Keenan Uasal |
| An Comh. Maura Healy-Rae | Maria O'Gorman Uasal |
| An Comh. Marie Moloney | Joan McCrohan Uasal |
| An Comh. Norma Moriarty | Zaid Kassoob Uasal |
| An Comh. Niall O'Callaghan | Joseph Brennan Uasal |
| An Comh. Aoife Thornton | Tim Daly Uasal |
| An Comh. Michael Cahill | John O'Roarke Uasal |
| An Comh. Deirdre Ferris | |
| An Comh. Cathal Foley | |
| An Comh. Johnnie Wall | |

| BOO Chiarraí, Meitheal Feidhmiúcháin 2020 | |
|---|---|
| Colm Mc Evoy Uasal | Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Ann O'Dwyer Uasal | An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceol |
| Maria Brennan Uasal | An Stiúrthóir, Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| Owen O' Donnell Uasal | An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna |

BORD OIDEACHAIS
AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION
AND TRAINING BOARD

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

# Clár an Ábhair

Focal Fáilte ón gCathaoirleach 1
Réamhrá leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin 2

CUID 1
Ráiteas Misin agus Croíluachanna 4

CUID 2
Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022 6

CUID 3
Ráiteas faoi Sheirbhísí – Scoileanna, Óige agus Ceol 9

CUID 4
Ráiteas faoi Sheirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint 26

CUID 5
Ráiteas faoi Sheirbhís – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta 47

CUID 6
Rialachas Corparáideach agus Cúrsaí Airgeadais 66

CUID 7
Aguisín I: Gluais Téarmaí 77
Aguisín II: Liosta Fíoracha 78

CUID 8
Ionaid BOO Chiarraí 80

# Fáilte
# & Réamhrá



# *Focal Fáilte ón gCathaoirleach*

áthais againn seacht mbliana a cheiliúradh de réimse seirbhísí oideachais agus oiliúna faoi leith a chur ar fáil do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí i gContae Chiarraí.

Is ábhar mórtais ag BOO Chiarraí an misean 'an fhorbairt ar shochaí foghlaim feadh saoil i gCiarraí a thionscnamh agus a thabhairt chun cinn'. Cinntíonn an scóip leathan earnálacha a bhaineann le BOO Chiarraí go mbaintear leas as dearcadh faoi leith ar fud fad an tsaoil i ndáil le hiomlán na hoibre i mbun ról cinniúnach maidir le forás ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna agus fairsingiú acmhainne na ndaltaí agus na bhfoghlaimeoirí.

Is í seo an dara bliain ag BOO Chiarraí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina dtugtar tuairisc ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach i ***Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022***. Tá de chuspóir leis an tuarascáil go gcuirtear an lucht foirne agus na sealbhóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, ar an eolas faoi chúrsaí feidhmíochta i ndáil leis na spriocanna straitéise maidir leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na bliana 2019.

Le súil chun cinn againn ar an am atá i ndán, tá aisling ardaidhmeach againn maidir le forbairt straitéiseach leanúnach ar BOO Chiarraí ainneoin a bhfuil de dheacrachtaí le sárú agus d'éiginnteacht ag baint leis an réimse oibre ina bhfeidhmítear. Tá BOO Chiarraí ag díriú go dáiríre ar na deacrachtaí sin agus ar a chinntiú go mbíonn an phleanáil straitéiseach éifeachtach éifeachtúil maidir leis réimsí dúshláin a chuirtear roimh phobal Chiarraí a shárú.

Is suntasach an tsócmhainn dúthracht agus díograis chomhaltaí an Bhoird, ar a bhfuilim féin i mo Chathaoirleach, agus díocas an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na mbainisteoirí Feidhmiúcháin maidir le croíluachanna agus misean BOO Chiarraí, sócmhainn a leanfar dá tapú chun forbairt straitéiseach BOO Chiarraí a chur chun cinn.

**An Comh. Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**



# *Réamhrá leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*

I mo Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin dom, is breá liom ***Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*** *2019* a chur os bhur gcomhair.

Tugann ullmhú agus foilsiú na tuarascála bliantúla deis machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag BOO Chiarraí le dhá mhí dhéag anuas. Agus ar bhain an BOO amach i rith na bliana 2019 á mheas, tá sé ríthábhachtach dúthracht agus díograis na ndaoine i sárfhoireann na heagraíochta a admháil chomh maith leis an dua a chaitheann siad go seasta rialta, faoi threoir Bhord an BOO, d'fhonn misean an BOO a thabhairt i gcrích.

Tharla roinnt athruithe suntasacha i rith na bliana 2019, nuair a bunaíodh Bord nua an BOO mar shampla agus nuair a foilsíodh an Cód Rialachais leasaithe. Táthar ag tnúth le hoibriú leis na comhaltaí dúthrachta éagsúla ar Bhord an BOO i mbun na gcuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn agus cultúr eiticiúil dea-rialachais a choinneáil ar bun. Leagtar béim láidir ar chúrsaí feidhmíochta faoin gCód Rialachais leasaithe chomh maith le díriú go géar chomh maith ar chuntasacht, ar fhollasacht agus ar chomhlíontas breise – rud is breá le Bord agus meitheal Feidhmiúcháin BOO Chiarraí.

Is é príomhghnó BOO Chiarraí deiseanna oideachais agus oiliúna, a chuireann le sraith foghlama feadh saoil, a chur ar fáil do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí. I rith na bliana 2019 bhí béim againn i gcónaí ar an gcás sin maidir leis an soláthar bunscolaíochta, iarbhunscolaíochta, breisoideachais agus oiliúna ar fud an chontae agus ár ndícheall á dhéanamh againn seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leo siúd a rinne fónamh ar Bhord agus ar Choistí an BOO roimhe seo as an dua agus an dúthracht a chaith siad leis an gcúram. Ó ceapadh Bord nua agus coistí nua an BOO, guím gach rath ar chomhaltaí nua an Bhoird, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Choiste Airgeadais agus na gCoistí faoi Alt 44.

Is mian liom an fónamh a rinne daoine den lucht foirne a chuaigh ar scor i rith na bliana 2019 a thréaslú leo agus gach rath a ghuí orthu sa saol nua atá rompu.

Is ábhar mórtais ag BOO Chiarraí na baill foirne díograiseacha cumasacha a léiríonn dúthracht seasta leanúnach i mbun a gcuid oibre. Leanfar de chúnamh taca a thabhairt do lucht na foirne maidir le forbairt ghairmiúil agus phearsanta agus sinn ag dul ar aghaidh le Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022 a chur i bhfeidhm.

**Colm McEvoy**
**Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**

CUID 1

# *Ráiteas Misin agus Croíluachanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí*


# An Misean

An fhorbairt ar shochaí foghlaim feadh saoil i gCiarraí a thionscnamh agus a thabhairt chun cinn sa tslí go mbíonn teacht ag gach duine a chónaíonn i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint sin atá riachtanach chun barr a gcumais a thabhairt in inmhe agus chun freastal a dhéanamh ar a gcuid riachtanas pearsanta, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta agus sibhialta.

# Luachanna

Tá na croíluachanna dírithe ar a chinntiú go mbíonn de cheart ag an uile dhuine deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú chun barr a gcumais a bhaint amach.

Féachtar leis na luachanna sin a thabhairt i bhfeidhm ar gach beart a dhéantar agus ar an tslí ina ndéantar é.




*Fíor 1: Croíluachanna BOO Chiarraí*

CUID 2

# *Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022*

# Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022

Sa bhliain 2018, sheol an tAire Brendan Griffin TD, Aire Stáit sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-22, san Ionad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna faoin Aer (INOOA) i gCeapaigh na Lao. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na haidhmeanna straitéise agus an t-ord tábhachta maidir le beartaíocht an BOO ar mhaithe leis na haidhmeanna seo a bhaint amach.

## Spriocanna Straitéiseacha

Leagtar amach naoi gcinn de spriocanna straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise: :

**SPRIOC 1: CLÁIR ATÁ AITHEANTA AGUS AR CHÁILÍOCHT DHEARBHAITHE AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA**

*Fócas:* Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**SPRIOC 2: TEAGASC AGUS FOGHLAIM AR ARDCHAIGHDEÁN**

*Fócas:* Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.

**SPRIOC 3: BEARTA NUÁLACHA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

*Fócas:* Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú.

**SPRIOC 4: ROCHTAIN AGUS DUL CHUN CINN**

*Fócas:* Cuidiú le daltaí agus le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus/nó forbartha pearsanta.

**SPRIOC 5: COMHPHÁIRTÍOCHT BHISIÚIL A FHORBAIRT**

*Fócas:* Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtai nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.

**SPRIOC 6: RANNPHÁIRTÍOCHT GEALLSEALBHÓIRÍ**

*Fócas:* Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísísí.

**SPRIOC 7: ÉIFEACHTACHT AGUS CUNTASACHT I GCÚRSAÍ RIALACHAIS AGUS CEANNAIREACHTA**

*Fócas:* A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.

**SPRIOC 8: MARGAÍOCHT, BRANDÁIL AGUS CUMARSÁID**

*Fócas:* Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir.

**SPRIOC 9: AN TIMPEALLACHT OIBRE AGUS FOGHLAMA A FHEABHSÚ**

*Fócas:* Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.

*Fíor 2: Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí*

## Tuairiscí maidir leis an gCur i bhFeidhm 2019

Cnuasaítear in Tuarascáil Bhliantúil 2019 na teimpléid tuairiscíochta i ndáil le hobair forfheidhmiúcháin na bliana 2019 a cuireadh le chéile, i gcomhréir leis an Ráiteas Straitéise, maidir le gach colún seirbhíse faoi leith. Admhaíonn BOO Chiarraí gurb é bun na cúise maidir le straitéis a chur i bhfeidhm go críochnúil go mbíonn aird ar tháscairí éagsúla ar mhaithe le monatóireacht ar fheidhmiúlacht na heagraíochta. Is cuma cé chomh maith agus a leagtar straitéis amach, tarlóidh bac éigin a thiocfaidh idir tionscnamh straitéise a bheartú agus a chur i bhfeidhm. Is cabhair na tuairiscí forfheidhmiúcháin ag BOO Chiarraí maidir le bacanna den sórt sin a shárú agus tá sonraí níos cuimsithí, níos sainiúla agus níos iontaofa ar fáil dá mbarr maidir leis na seirbhísí i rith na bliana 2019.

Maidir le gach sprioc straitéise a bhain leis an mbliain 2019, leagadh amach táscairí sonracha intomhaiste, ó thaobh cáilíochta agus cainníochta, a bhaineann le gach colún faoi leith. Áirítear ar na táscairí feidhmíochta;

- Tuairiscí ar éifeachtúlacht,
- Táscairí éifeachtachta,
- Monatóireacht ar bhunábhar agus ar an ngnóthachtáil,
- Monatóireacht ar thorthaí/spriocanna.

Tugtar achoimre ar an bhfeidhmiúlacht leis na Ráitis faoi Sheirbhísí maidir le (1) Scoileanna, Óige agus Ceol, (2) Breisoideachas agus Oiliúint, agus (3) Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Na Bainisteoirí Sinsearacha Feidhmiúcháin, le cúnamh ón bhfoireann ar fud na heagraíochta, a d'ullmhaigh agus a chnuasaigh ábhar na ráiteas. De réir cheadú agus threoir Bhord BOO Chiarraí a cuireadh, mar a chuirtear i gcónaí, an próiseas seo i gcrích.

Cuirtear na geallsealbhóirí ar an eolas faoi shlata tomhais agus faoi thorthaí feidhmíochta d'fhonn feabhas a chur ar an bpleanáil don am i láthair agus don am atá i ndán.

CUID 3

# *Ráiteas faoi Sheirbhísí – Scoileanna, Óige agus Ceol*

# *Ráiteas faoi Sheirbhísí – Scoileanna, Óige agus Ceol*

Bliain eile den bhisiúlacht a bhí sa bhliain a d'imigh tharainn maidir le Scoileanna, Óige agus Ceol in BOO Chiarraí. Ba léir forás suntasach maidir leis na scoileanna agus na tionscnaimh ar fad.

Is ábhar mórtais ag BOO Chiarraí a bheith, ón mbliain 2019, ina phátrún ar dhá bhunscoil nua Pobalscoil Náisiúnta Thathuile agus Pobalscoil Náisiúnta an Ghleanna i gceantar Bhá Fhíonáin.

Maidir le cúrsaí Óige, tugadh chun críche breithniú cuimsitheach ar riachtanais na hóige ar fud an chontae mar chuid den obair ullmhúcháin do Scéim Cistíochta na RLGÓ. Ábhar ríméid freisin gur bunaíodh Music Generation agus Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí ar mhaithe le daoine óga sa chontae.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis an bhfoireann maidir le Scoileanna, Óige agus Ceol as a ndúthracht, cruthaitheacht agus gairmiúlacht leanúnach.

*Ann O' Dwyer,*
*An Stiúrthóir, Scoileanna, Óige agus Ceol*

## Líon na ndaoine ar an Rolla i Scoileanna BOO Chiarraí

Leagtar amach mionsonraí sa tábla thíos faoi líon na ndaoine ar an rolla sna scoileanna éagsúla:

| Pobalscoileanna Náisiúnta | Líon ar Chlár na Scoile 2017/2018 | Líon Measta 2018/2019 | Líon mar a tharla 2018/2019 |
|---|---|---|---|
| Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle | – | 25 | 27 |
| Pobalscoil Náisiúnta Thathuile | – | – | 15 |
| Pobailcoil Náisiúnta an Ghleann | – | – | 16 |
| **Iomlán** | | **25** | **58** |

| PScoileanna Iarbhunscolaíochta | Líon ar Chlár na Scoile 2017/2018 | Líon Measta 2018/2019 | Líon mar a tharla 2018/2019 |
|---|---|---|---|
| Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | 222 | 220 | 213 |
| Scoil Chuimsitheach an Tóchair | 484 | 463 | 468 |
| Coláiste Gleann Lí | 167 | 230 | 202 |
| Coláiste na Ríochta | 61 | 61 | 64 |
| Coláiste na Sceilge | 471 | 489 | 469 |
| Gaelcholáiste Chiarraí | 349 | 337 | 320 |
| Coláiste Pobail Chill Airne | 353 | 380 | 369 |
| Coláiste Pobail Chill Orglan | 275 | 291 | 277 |
| **Iomlán** | **2,382** | **2,471** | **2,382** |

| **Sprioc 1: Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar an Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**<br>*Fócas: Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 2. Leanúint dá chinntiú go gcuirtear na gnáis agus na próisis oibre cuí i bhfeidhm maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i ngach ceann de na scoileanna iarbhunscolaíochta atá faoinár gcoimirce. | • Tugadh Féinmheastóireacht Scoile (FMS) i gcrích maidir le hocht gcinn de scoileanna agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile (PFS) i ndáil leis na scoileanna iarbhunscolaíochta go léir. |
| 3. Leanúint ag treisiú le forbairt éifeachtach ar Chreat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta maidir le hObair don Aos Óg agus lena chur i bhfeidhm go héifeachtach. | • Ceapadh Oifigeach Forbartha Óige (OFÓ) nua. |
| 4. A chinntiú go gcuirtear nós imeachta maidir le dearbhú cáilíochta i bhfeidhm go seasmhach leanúnach i ngach ceann de na cláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal. | • Cuireadh an tSraith Shóisearach nua i bhfeidhm i ngach scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Cuireadh Gearrchúrsa i Litearthacht na Meán Digiteach don tSraith Shóisearach ar fáin i ngach scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Cuireadh Gearrchúrsa i gCódáil don tSraith Shóisearach ar fáil i gColáiste Gleann Lí, i gColáiste na Ríochta, i gColáiste Pobail Chill Orglan agus i gColáiste Pobail Chill Airne.<br>• Cuireadh Eolaíocht Ríomhaireachta (Píolótach) don tSraith Shinsearach ar fáil i gColáiste na Ríochta.<br>• Cuireadh oiliúint chuimsitheach ar an Oifigeach Forbartha Ceoil maidir leis an gCreat Sárchaighdeáin agus an próiseas a ghabhann leis agus beidh sin á chur i bhfeidhm nuair a chuirtear tús leis na cúrsaí sa bhliain 2020. |
| 5. Leanúint de na scoileanna/ coláistí/ionaid a ullmhú do scrúdú cigireachta seachtrach, do chuairteanna comhairle agus do chuairteanna monatóireachta maidir le dearbhú cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na scrúduithe/na gcuairteanna i bhfeidhm le barr éifeachta. | • Cuireadh na moltaí i bhfeidhm i ngach scoil a d'eascair ó Mheastóireacht ar an Scoil Uile (MSU), cigireacht maidir le DEIS agus Cigireacht Ábhair.<br>• Cuireadh cuntais shealadacha Office 365 ar bun do Chigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna d'fhonn cuidiú le bearta cigireachta.<br>• Cuireadh oiliúint i ndáil le Cosaint agus Cumhdach Leanaí ar fáil maidir le ról an Duine Sainordaithe ar dhaoine den lucht foirne i ngach scoil de chuid BOO Chiarraí agus i ngach ionad Youthreach i mí Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2019.<br>• Rinne Coiste Maoirseachta Chosaint Leanaí BOO Chiarraí seiceáil maidir le cosaint leanaí i ngach scoil agus rinneadh athbhreithniú ar an gcáipéisíocht ar fad ag deireadh na scoilbhliana i mí Bealtaine.<br>• Ba é breith an Choiste go raibh an comhlíonadh i ndáil le Polasaí Cosaint Leanaí BOO Chiarraí agus Gnáis Oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Cosaint Leanaí ar leibhéal maith/an-mhaith. |

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. 1. Straitéisí a thabhairt chun cinn maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach faoi dhearbhú cáilíochta a chur ar fáil don uile dhuine atá ag plé le cláir a chur i gcrích. | • Forbraíodh, i gComhar leis an Ionad maidir le Ceannaireacht Scoile, Clár Oiliúna i gCeannaireacht agus i mBainistíocht do Bhainisteoirí Meánleibhéil. Cuireadh an dá sheisiún tosaigh (as iomlán trí cinn) ar fáil do 33 sealbhóir poist.<br>• Leagadh amach féilire FSSF-FGL bunaithe ar iarratais agus aiseolas ón lucht foirne. Ar réimsí príobhthábhachta na bliana 2018/2019, bhí:<br>» Ceannaireacht Teagaisc<br>» Pleanáil do Rannóga Ábhair<br>» Office 365.<br>• Eagraíodh Lá Foghlama do na múinteoirí iarbhunscolaíochta ar fad i dhá sheisiún, Tuaisceart Chiarraí agus Deisceart Chiarraí. Ar na réimsí a tugadh san áireamh, bhí:<br>» Pleanáil do Rannóga Ábhair<br>» Guth na nDaltaí<br>» Deiseanna digiteacha MR<br>» Seomra Ranga Ionchuimsitheach.<br>• Oiliúint Tosaigh ar Mhúinteoirí Nua (maille le seisiún athchúraim) do cheithre mhúinteoir déag agus fiche. Ar na réimsí a tugadh san áireamh, bhí:<br>» Pleanáil Ceachta<br>» An Cód Iompair<br>» AD<br>» Foghlaim dhigiteach<br>» Gnóthaí Airgeadais.<br>• Tugadh Seisiún Oiliúna maidir le Guth na hÓige i gcrích le ceathrar d'fhoireann an BOO a mbíonn baint acu leis Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí (CCÓC).<br>• Tugadh Oiliúint STEAM i gcrích le beirt d'fhoireann an BOO.<br>• Chuaigh an tOifigeach Forbartha Ceoil faoi oiliúint maidir le Próisis Sárchaighdeáin, Sláinte & Sábháilteacht, Ucailéil, Uirlisí Práis agus Gaoithe, Orff Schulwerk. |
| 2. Cúnamh taca agus acmhainní a chur ar fáil maidir le gnáis teagaisc agus foghlama atá uilechuimsitheach/ difreáilte sna scoileanna/coláistí/ ionaid ar fad agus i ndáil le gach clár. | • Ghlac na CORSO páirt san Oiliúint maidir le Mapáil Soláthair i ndáil le múnla nua leithroinnte na Roinne Oideachais agus Scileanna.<br>• Rinneadh oiliúint Inseirbhíse CRS a ullmhú agus a chur ar fáil i mí Meitheamh 2019.<br>• Cuireadh Cláir L2LP i bhfeidhm i dhá scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Rinne BOO Chiarraí cathaoirleacht ar thrí chruinniú de Ghrúpa na Slite Dul Chun Cinn.<br>• Eagraíodh Trathnóna Eolais BOO Chiarraí do dhaoine faoi mhíchumas atá ag fágáil an scoile sa Rose Hotel, Trá Lí.<br>• Cuireadh comhad/tuairiscí pearsanta ar fáil don uile dhuine faoi mhíchumas a bhí ag fágáil na scoile mar chúnamh maidir le dul chun cinn éifeachtúil a dhéanamh.<br>• Leanadh den phróiseáil maidir le huaireanta comhoibre do dhaoine den Lucht Siúil, 760 uair a chloig sa bhliain 2019.<br>• Tá deiseanna pearsanta agus bogearraí faoi leith ar fáil do dhaltaí RSO, ina measc ríomhleabhair, ríomhphunainn (OneDrive agus OneNote), léitheoir tumthach agus deiseanna aistriúcháin. |

| | |
|---|---|
| | • Tá Léitheoir Tumthach agus deiseanna aistriúcháin ar fáil don uile dhalta.<br>• Cuireadh oiliúint shainiúil ar fáil do CORSO agus CRS i gCill Airne agus i gColáiste na Sceilge.<br>• Cuireadh físeán tacaíochta ar fáil do Chomhordaitheoirí.<br>• Cuirtear an clár Empower Me maidir le caidreamh idir daoine, gnéasacht agus toiliú ar fáil i ngach scoil iarbhunscolaíochta mar chuid den tSraith Shinsearach.<br>• Crochadh bratach LGBT+ ar fud na scoileanna iarbhunscolaíochta chun tacú le Feiceálach i gCiarraí: Dearcadh LGBT+. |
| 3. Cuidiú le forbairt iomlánaíoch ar na daltaí agus ar na foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in scoileanna iarbhunscolaíochta agus ar chúrsaí breisoideachas agus oiliúna. | • Tugadh gléasanna táibléid isteach maidir le clár CO na Sraithe Sóisearaí chun cuidiú le foghlaim na ndaltaí.<br>• Tugadh measúnóireacht bunaithe ar an seomra ranga isteach maidir le Treodóireacht na Sraithe Sóisearaí i gColáiste na Ríochta, i gColáiste Pobail Chill Orglan, i gColáiste na Sceilge agus i gColáiste Gleann Lí, measúnóireacht dhigiteach san áireamh.<br>• Tugadh modúl Gleacaíochta isteach maidir le CO na Sraithe Sóisearaí i gColáiste Pobail Chill Airne, agus cuireadh an lón foghlama agus measúnóireachta ar fáil do na scoileanna iarbhunscolaíochta eile.<br>• D'fhreastail Gaelcholáiste Chiarraí, Coláiste Gleann Lí agus Coláiste Pobail Oileán Chiarraí ar SheRuns, arna eagrú mar chuid de Erasmus+ i bPáras d'fhonn cur le rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí Spóirt.<br>• Rinneadh tástáil ar aip maidir le Creat na Sraithe Sinsearaí agus CO i gColáiste na Sceilge, i gColáiste Pobail Chill Orglan agus i gColáiste Pobail Chill Airne.<br>• Eagraíodh Turas na Cásca ar an bhFiántas le daltaí as gach scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Eagraíodh Rich Tasks do dhaltaí ó gach scoil iarbhunscolaíochta maidir le liathróid spíceála, lúthchleasaíocht, treodóireacht agus cispheil do chailíní.<br>• Tionóladh ceithre chruinniú don CC CO ar ar fhreastail ceathrar múinteoir agus fiche as na scoileanna iarbhunscolaíochta go léir (8 scoil) d'fhonn acmhainní a chur sa timpeall, pleanáil a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna, imeachtaí a eagrú etc. |
| 4. Cultúr nuálaíochta agus gnás athmhachnaimh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail cleachtais a fhorbairt agus scaipeadh an tsárchleachtais. | • Sé cinn de sheisiúin mharana do Phríomhoidí.<br>• Chuir an tSeirbhís maidir le Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) trí cinn de sheisiúin FGL ar fáil do gach rannóg ábhair i ngach scoil iarbhunscolaíochta lenar ghabh teimpléad aontaithe athbhreithnithe agus pleanála.<br>• Cuireadh Foirne MS ar bun do na Rannóga Ábhair i gColáiste Pobail Chill Airne, Coláiste Pobail Oileán Chiarraí, Coláiste na Ríochta, Coláiste Pobail Chill Orglan agus Coláiste na Sceilge le cúnamh taca ón bPríomhoide agus/nó ón Leas-Phríomhoide.<br>• Comhairliúchán leanúnach leis na daltaí trí Mheasúnú don Fhoghlaim (MDF) agus Measúnú Múnlaitheach |
| 5. Teicneolaíocht de chineálacha nua atá ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh chun cur le caighdeán an teagaisc agus na foghlama. | • Cuireadh ról mórthábhachta i gcrích maidir le Straitéis TEC BOO Chiarraí 2019-2022 a chur le chéile.<br>• Seoladh Straitéis TEC BOO Chiarraí 2019-2022 go hoifigiúil.<br>• Bunaíodh Rannóga Ábhair maidir le TEC ar bhonn foirmeálta i ngach scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Eisíodh cuntas agus ceadúnais Office 365 le gach scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil do na daltaí iarbhunscolaíochta go léir maidir le MS Office a úsáid ar mhaithe lena gcuid foghlama.<br>• Cuireadh tús le róbataic ar fud chláir innealtóireachta uile BOO Chiarraí i gColáiste na Ríochta, Coláiste Gleann Lí, Coláiste Pobail Chill Airne agus Coláiste Pobail Chill Orglan. |

| | |
|---|---|
| | • Cuireadh tús le cláir na Sraithe Sóisearaí in Eolaíocht Ríomhaireachta i ngach scoil iarbhunscolaíochta le Dearthóireacht Grafaice, Cruthú Físeáin agus Anamúlacht.<br>• Rinneadh tástáil ar bhonn píolótach ar Minecraft a úsáid i gColáiste Pobail Chill Airne.<br>• Chuir múinteoirí tús le teicneolaíocht teilgin gan sreang a úsáid maidir le hobair áisiúlachta agus obair ghrúpa. |
| 6. Deiseanna a chruthú ionas gur féidir le daltaí/foghlaimeoirí pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid foghlama. | • Déantar athbhreithniú leanúnach an rannpháirtí mar chuid den CCÓC. |
| 7. Cultúr a chothú trína dtarlaíonn ceiliúradh ar shárfheabhas na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne agus ar a gcuid saothair. | • D'eagraigh BOO Chiarraí searmanas bliantúil Ghradaim na nDaltaí 2019 i mí Eanáir 2019 d'fhonn éachtaí léinn agus bearta seach-churaclaim 76 dalta i ngach ceann de na scoileanna iarbhunscolaíochta a thréaslú leo.<br>• Baineadh leas as árdáin na meán sóisialta chun ar éirigh le daltaí a bhaint amach ar fud na scoileanna go léir a admháil agus a cheiliúradh.<br>• Díríodh aird i nuachtlitir bhliantúil BOO Chiarraí ar na héachtaí móra ar fad a bhain le Scoileanna, Óige agus Ceol. |
| 8. Cur chuig fhorbairt curaclaim agus cláir ar bhealaí lena leagtar béim ar an ábhar a chaomhchóiriú do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na bhfostaithe agus an phobail agus do na scileanna a bhfuil príomhthábhacht leo sa réigiún. | • Eagraíodh cruinnithe pleanála maidir leis an gcuraclam i ngach ceann de na scoileanna.<br>• Socraíodh lamháltas curaclaim maidir le scoileanna áirithe i mí Bealtaine.<br>• Tosaíodh ar an taighde maidir le Modúl Cruthaitheachta nua mar chuid den tSraith Shóisearach.<br>• Freastalaíodh Comhdháil Bhliantúil Bhord na Sraithe Sinsearaí. |
| 9. A chinntiú gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte nua-aimseartha. | • Chuaigh an Bhainistíocht Líne faoi Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhréir le cáipéis nua BOO Chiarraí maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, Rólanna agus Réimsí Freagrachta.<br>• Cuireadh oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil do na baill foirne seo a leanas:<br>» Múinteoirí ábhar praiticiúi<br>» Feighlithe<br>» Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• Cuireadh Coiste Maoirseachta Chiarraí maidir le Cosaint agus Cumhdach Leanaí ar bun agus eagraíodh trí cinn de chruinnithe d'fhonn cuidiú le Tús Áite ag Leanaí 2015 agus Gnáis Oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Cosaint Leanaí a chur i bhfeidhm i ngach Scoil agus Ionad de chuid BOO Chiarraí agus monatóireacht a dhéanamh ina leith sin.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le Cosaint Leanaí ar fáil do bhaill foirne uile na scoileanna agus Youthreach i mí Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2019.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le Cosaint Leanaí ar fáil do chomhaltaí uile na mBord Bainistíochta.<br>• Rinne an Coiste Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí athbhreithniú ar na liostaí seiceála ar fad ar mhaithe lena chinntiú go ndearna na scoileanna agus na hionaid go léir an obair bhunriachtanach ar fad i.e. athbhreithniú ar na Ráitis ar fad maidir le Cosaint Leanaí agus ar na bearta measúnachta maidir le réimsí baoil.<br>• Tugadh na liostaí seiceála chun críche agus aontaíodh pearsa/leaspearsa caidrimh ainmnithe i miontuairiscí an Choiste A.44 a cuireadh faoi bhráid Bhord an BOO.<br>• Cuireadh an Liosta Seiceála Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm i ndáil leis na seirbhísí ar fad ar fud CCÓC agus Music Generation.<br>• Tá tús curtha ag ceithre cinn de na scoileanna le dearadh bunaithe ar bhoird chruinne ar mhaithe le hobair ghrúpa éifeachtúil. |

| | |
|---|---|
| 10. Cloí leis na treoirlínte náisiúnta maidir le cúrsaí folláine, iad a chur chun cinn agus a chinntiú go mbíonn cúnamh taca leordhóthanach ar fáil ag daltaí, mic léinn agus foghlaimeoirí. | • Tá Treoirlínte Folláine na Roinne Oideachais agus Scileanna á gcur i bhfeidhm sna scoileanna agus na huaireanta atá le cur i leith chúrsaí Folláine á gcur ina leith sin iontu ar fad.<br>• Tá Comhordaitheoir Folláine i ngach scoil.<br>• Tá Clár OCG na Roinne Oideachais agus Scileanna á chur i bhfeidhm ag Múinteoirí Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sinsearaí.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil maidir leis an gclár Empower Me.<br>• Eagraíodh "Laethanta Foirne" sna scoileanna d'fhonn dea-chaidreamh a chothú idir gach duine den fhoireann agus chun tuiscint agus dea-thoil a chur chun cinn.<br>• Aontaíodh ar chláir chaighdeánacha, ina measc;<br>» Cairde ar feadh an tSaoil<br>» Alcól § ALERT<br>» Sábháilteacht Idirlín<br>» Na Meáin Shóisialta etc.<br>• Chuir Scileanna Saoil Chiarraí cúnamh taca maidir le cúrsaí folláine agus sláinte meabhrach ar fáil do gach scoil iarbhunscolaíochta i gCiarraí.<br>• Chuir Scileanna Saoil Chiarraí clár oiliúna trí lá ar fáil do gach Meitheal Tacaíochta/Cúraim do Dhaltaí i scoileanna iarbhunscolaíochta BOO Chiarraí mar chuid de Chlár Folláine BOO Chiarraí.<br>• I gcomhréir le CL0003/2019 tugadh cead i mí na Samhna 2019 do BOO Chiarraí Folláine Chiarraí a chur ar bun. |

**Sprioc 3: Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna**

*Fócas: Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Freagairt go leanúnach d'athrú déimeagrafaíochta i gCiarraí agus an soláthar seirbhísí a phleanáil dá réir sin chomh mór agus is féidir. | • Cothaíodh caidreamh leis an RLGÓ chun Deis maidir le Próifíl Ceantair a thabhairt i bhfeidhm.<br>• Tháinig an fhorbairt ar na seirbhísí seo a leanas faoi anáil na Deise maidir le Próifíl Ceantair:<br>» Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail agus Oileán Chiarraí (tograí reatha)<br>» Ciarraí Thuaidh agus Cathair Saidhbhín & Ciarraí Theas (Tograí Nuathionscanta).<br>• Cuireadh tús leis an obair ar Phlean Obair Óige 2020 i gcomhréir leis na coinníollacha faoi UBU Your Place, Your Space.<br>• Chuir Youth Theatre Ireland Oiliúint Áisitheoireacht maidir le hAmharclannaíocht do Dhaoine Óga ar fáil i rith cúrsa dhá lá go 11 ceannaire ionchais as Ciarraí. Cuireadh an ciste don chúrsa oiliúna ar fáil mar chuid den chlár CCÓC.<br>• Cuireadh tús leis an bpleanáil maidir le Music Generation i gCiarraí. |
| 3. Cur leis an inniúlacht beart a dhéanamh i ndáil le réimsí dúshláin i sochaí ilchultúrtha. | • Tugadh Pobalscoil Náisiúnta Thathuile faoi phátrúnacht BOO Chiarraí.<br>• Tugadh Pobalscoil Náisiúnta Scoil an Ghleanna faoi phátrúnacht BOO Chiarraí.<br>• Seoladh oifigiúil maidir le hathchóiriú ar Phobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle le Brendan Griffin TD, Aire Stáit sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.<br>• Glacadh páirt i Characteristic Spirit/Core Values de chuid BOOÉ, le béim faoi leith ar sholáthar ilchreidmheach.<br>• D'fhreastail Príomhoide agus múinteoir de chuid Phobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle cúrsa oiliúna maidir leis an gclár Goodness Me Goodness You de chuid BOOÉ do Phátrúin agus cuireadh tús lena chur i bhfeidhm sa scoil. |

| | |
|---|---|
| 4. Leanúint de sheifteanna a leasú agus a fhorbairt ón nua fhorbairt chun cur leis an rannpháirtíocht i mbearta oideachais agus oiliúna. | • Ceapadh Oifigeach FCT BOO Chiarraí.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le deiseanna oideachais Microsoft, deiseanna oideachais Google agus bainistíocht ar dheiseanna cianrialaithe InTune ar Oifigeach FCT BOO Chiarraí<br>• Cuireadh seisiúin maidir le Office 365 ar siúl don fhoireann ar fad i rith na bliana, arna gcur ar fáil ag Comhordaitheoirí TEC, múinteoirí na gCuradh Digiteach agus Oifigeach FCT BOO Chiarraí.<br>• Cuireadh oiliúint MS Teams ar Fhoireann Oideachais BOO Chiarraí.<br>• Ceapadh Oifigeach Forbartha Ceoil.<br>• Ceapadh Comhordaitheoir Áitiúil maidir le Cruthaitheacht Óige.<br>• Ceapadh Oifigeach Forbartha Óige.<br>• Ainmníodh BOO Chiarraí ar cheann de na páirtnéirí ceannródaíochta sa chlár píolótach – Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Áitiúil.<br>• Thug CCÓC cur chuige nua i gcrích maidir le pleanáil cláir ionas gur leag 198 duine óg amach ábhar na dtionscadal/na gclár. |
| 5. An úsáid as deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus cláir oíche. | • Cuireadh clár cumaisc ar líne sa Mhatamaitic Fheidhmeach ar fáil do dhaltaí na Sraithe Sinsearaí i bPobalscoil an Tóchair, Coláiste Pobail Oileán Chiarraí agus Gaelcholáiste Chiarraí. |
| 7. Straitéisí a spreagadh, agus acmhainní a chur ar fáil maidir lena dtabhairt chun cinn, d'fhonn dul i ngleic le hábhar dúshláin a bheadh le sárú ag daltaí agus iad ag aistriú ón gcóras bunscolaíochta go dtí scoileanna iarbhunscolaíochta agus coláistí an bhoird | • Chuir na scoileanna ar fad lá taithí/cothú foirne ar siúl d'fhonn cuidiú le daltaí céadbhliana dul i gcleachtadh ar an iarbhunscolaíocht.<br>• Cuireadh Cláir Ionduchtúcháin i bhfeidhm do dhaltaí nua sna scoileanna iarbhunscolaíochta ar fad.<br>• Chuir na scoileanna ar fad Meantóir Comhchéime (dalta sinsearach) ar fáil maidir le meantóireacht agus cúnamh taca do dhaltaí céadbhliana an tráth céanna a spreagtar ceannaireacht agus bá sna daltaí sinsearacha.<br>• Bonnghrúpaí Comhoibre i gColáiste Pobail Chill Airne, Coláiste Pobail Chill Orglan agus Coláiste Pobail Oileán Chiarraí d'fhonn treisiú le himeascadh, cairdeas, foghlaim éifeachtúil agus le straitéis chun bulaíocht a chosc.<br>• Polasaí in aghaidh na Bulaíochta i bhfeidhm i ngach scoil |
| 8. Leanúint ag treisiú le seifteanna atá bunaithe ar an riachtanas a thabhairt chun cinn maidir le hobair ógra i gCiarraí. | • Shínigh BOO Chiarraí CLS leis an RLGÓ.<br>• I gcomhréir leis an Scéim Sprioc-chistíochta Óige (SSCÓ), Ionaid Eolais do Dhaoine Óige agus an Tionscnaimh maidir le hÓgánaigh Infhostaithe síníodh na comhaontuithe CLS seo a leanas le soláthraithe áitiúla seirbhísí óige:<br>» Ionaid Eolais do Dhaoine Óige (Trá Lí agus Lios Tuathail)<br>» SSCÓ Trá Lí § SSCÓ Lios Tuathail<br>» SSCÓ Oileán Chiarraí<br>» SSCÓ Cill Airne § YEI (Trá Lí, Lios Tuathail, Cill Airne).<br>• Rinne an tOifigeach Forbartha Óige riarachán maidir leis na deontais seo a leanas:<br>» Scéim Deontais Sheirbhís Óige LGBTI+ 2019<br>» Cigireacht ar Shuíomhanna Chistíocht Caipitil<br>» Cistí Scéimeanna Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla<br>» Scéim Deontais maidir le Trealamh do Chlubanna Óige Áitiúla. |

**Sprioc 4: Rochtain agus Dul chun Cinn**

*Fócas: Cuidiú le daltaí agus le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus/nó forbartha pearsanta.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 2. Cúnamh taca maidir le cúrsaí oideachais agus gairmthreorach a chur ar fáil do na foghlaimeoirí chun cur, oiread agus is féidir, le deiseanna tosaigh agus le deiseanna dul chun cinn. | • Rinneadh cathaoirleacht ar thrí chruinniú de Ghrúpa na Slite Dul chun Cinn Dul chun Cinn.<br>• Cuireadh cistíocht ar fáil don Tionscnamh maidir le hÓgánaigh Infhostaithe i dTrá Lí, i Lios Tuathail agus i gCill Airne.<br>• Gairmthreoir ar fáil i ngach scoil. |
| 6. Sraith de bhearta taca don fhoghlaimeoir a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta taca do dhaoine faoi míchumas, socrúcháin agus plé le gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar leanú. | • Ghlac na CORSO páirt san Oiliúint maidir le Mapáil Soláthair i ndáil le múnla nua leithroinnte na Roinne Oideachais agus Scileanna<br>• Tá Ranganna NSU curtha ar bun i gceithre cinn de scoileanna BOO Chiarraí, agus liostaí feithimh i dhá scoil.<br>• Cuireadh oiliúint ar 52 CRS maidir le Dea-iompar agus Folláine do Dhaltaí atá ag Déileáil le Tráma.<br>• Cuireadh oiliúint ar 55 CRS re Freagróir Garchabhrach, Láimhseáil agus Ionramháil Othair.<br>• Rinne triúr múinteoir an Cúrsa Máistreachta maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais le haitheantas na Roinne Oideachais agus Scileanna.<br>• Bronnadh teastas maidir le Mianach Ionsaithe agus Ionsaí Ionchais a Láimhseáil ar 50 CRS.<br>• Cuireadh FGL maidir le Tráma a Thuiscint agus a Láimhseáil ar fáil do chúntóirí CRS.<br>• Cuireadh oiliúint i Láimhseáil agus Ionramháil Othair ar fáil do sheisear CRS i gColáiste na Sceilge<br>• Cuireadh oiliúint i dTeiripe Ealaíne ar fáil do CRS i gColáiste Pobail Chill Airne.<br>• Chuir Ionad Uathachais an Bhaile Láir oiliúint ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar CRS re Uathachas agus As I Am.<br>• Thosaigh KIDS ag tairiscint idirbheartaíocht cúnta ar mhaithe le daltaí NSU i gColáiste na Ríochta, Lios Tuathail.<br>• Cuireadh Fochoistí de chuid Chomhairle na dTuismitheoirí ar bun i gColáiste Gleann Lí agus i gColáiste na Ríochta d'fhonn bonn eolais níos fearr maidir le bearta cúnta do dhaoine faoi mhíchumas.<br>• Cuireadh Cláir L2LP i bhfeidhm i dhá scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Eagraíodh Trathnóna Eolais do dhaoine faoi mhíchumas atá ag fágáil an scoile sa Rose Hotel, Trá Lí<br>• Cuireadh comhad/tuairiscí ar fáil don uile dhuine faoi mhíchumas a bhí ag fágáil na scoile mar chúnamh maidir le dul chun cinn éifeachtúil a dhéanamh |

**Sprioc 5: Comhpháirtíocht Bhisiúil a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Leanúint de chaidreamh éifeachtach a chothú le heagraíochtaí na bhfostóirí, le ceardchumainn agus le heagraíochtaí eile chun taithí oibre agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na daltaí agus do na foghlaimeoirí. | • 3 chruinniú le TUI<br>• 3 chruinniú le Forsa CRS.<br>• Cuireadh Clár Oiliúna Ceannaireachta agus Bainistíochta do Bhainisteoirí Meánleibhéil le chéile le cúnamh tacaíochta ón Ionad maidir le Ceannaireacht Scoile.<br>• Comhar leanúnach le Comhairle Chontae Chiarraí.<br>• Síníodh CLS le Music Generation.<br>• Dea-chaidreamh oibre le hIonad an Bhaile Láir agus le hOifig Tacaíochta FSS do Dhaoine faoi Mhíchumas.<br>• Is clár comharoibre a bhí i Scileanna Saoil Chiarraí a cuireadh i gcrích i gcomhar le NEPS, CAMHS, JIGSAW Kerry, TUCLS, Féinmharú a Chosc FSS, South West Counselling agus Kerry Adolescent Counselling Service.<br>• Rinneadh cathaoirleacht ar thrí chruinniú de Ghrúpa na Slite Dul chun Cinn Dul chun Cinn. Cuidíonn an grúpa sin le daltaí de chuid an BOO a bhfuil míchumas intleachta agus uathachas ag gabháil dóibh aistriú go dtí saol na hoibre. Áirítear ar chomhaltaí an ghrúpa:<br>» FSS<br>» NEWKD<br>» Comhpháirtíocht Chiarraí Theas<br>» Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí<br>» Employability Kerry. |
| 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUCLS, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann. | • Bíonn dea-chaidreamh oibre á chothú ag BOO Chiarraí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.<br>• Tugadh Deis maidir le Próifíl Ceantair i bhfeidhm i gcomhar leis an RLGÓ.<br>• Síníodh CLS leis an RLGÓ.<br>• Rannpháirtíocht leis na coistí agus grúpaí stiúrtha seo a leanas:<br>» CSLDÓ<br>» CSLDÓ - An Grúpa Drugaí agus Alcóil<br>» CSLDÓ- Grúpa NEET<br>» An Grúpa Stiúrtha maidir le Oiliúint SST (Cathaoirleacht)<br>» CFCT Oiliúint Shainiúil maidir leis an Lucht Siúil<br>» COÓÉ<br>» Coiste Idirghníomhaireachtaí Chiarraí maidir le hOideachas an Lucht Siúil<br>» Grúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg<br>» Freastalaíodh ar Chomhdháil Bhliantúil BOOÉ |
| 3. Leanúint den dlúthobair i gcomhar le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | • Comhoibríonn BOO Chiarraí go dlúth leis na ceardchumainn ábhartha ar fad. Tharla i rith na bliana 2019:<br>» 3 chruinniú le TUI.<br>» 3 chruinniú le Forsa CRS. |
| 4. Leanúint den athbhreithniú, agus den leasú de réir mar is cuí, ar na próisis, na prótacail agus na gnáis oibre atá ar bun againn maidir le cúrsaí comhpháirtíochta. | • Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Áitiúil maidir le hÓige Ildánach ar a bhfuil:<br>» Comhairle Chontae Chiarraí<br>» Coiste Cúram Leanaí Chontae Chiarraí<br>» CSLDÓ<br>» Cuideachtaí Forbartha Áitiúla<br>» Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí<br>» Ionad Oideachais Thrá Lí<br>» Eagraíochtaí Cultúir.<br>• DLeagadh amach Téarmaí Tagartha maidir le CCÓC Chiarraí. |

| | |
|---|---|
| | • Oibríodh i gcomhar le hOifig Ealaíne CCC chun treisiú leis an bhforbairt straitéiseach ar amharclannaíocht óige i gCiarraí.<br>• Oibríodh i gcomhar le hOifig Ealaíne CCC chun aird a tharraingt ar Music Generation.<br>• Cruthaíodh tionscadal idirscoileanna, Cairde ar an bPeann, idir trí cinn de scoileanna lán-Ghaelacha i gCiarraí – Pobalscoil Chorca Dhuibhne, Gaelcholáiste Chiarraí agus Coláiste na Sceilge.<br>• Comhoibríodh le TechSpace le Gaeilge chun deiseanna a chruthú do dhaoine óga a gcuid scileanna cruthaitheachta agus teicneolaíochta a thabhairt chun cinn.<br>• Cuireadh Scéim Uirlisí Ceoil ar Cíos Music Generation ar bun le Leabharlanna Chiarraí. |
| 5. Caidreamh dlúth a spreagadh agus a chothú le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus le heagraíochtaí deonacha ógra agus pobail d'fhonn treisiú leis na seirbhísí don ógra. | • I rith na bliana 2019, bhí trí cinn de chruinnithe ag an gCoiste Obair Óige roimhe seo a ndearnadh a scor ar an 31 Deireadh Fómhair 2019.<br>• Ar an 1 Samhain 2019, cuireadh an Coiste Obair Óige nua ar bun i gcomhréir le hAlt 44 den Acht BOO 2013. Cuireann an Coiste Obair Óige le soláthar na seirbhísí óige go háitiúil trí dhlúthpháirtíocht a chothú idir na geallsealbhóirí mórthábhachta. Áirítear ar na comhaltaí:<br>» Daoine arna n-ainmniú ó Earnáil na nEagraíochtaí Deonacha ar mhaithe leis an Óige<br>» Daoine arna n-ainmniú ó Earnáil na gComhlachtaí Reachtúla<br>» Daoine óga ó Chomhairle na nÓg nó a leithéid<br>» Daoine arna n-ainmniú ag an bpobal<br>• Cuireadh tús leis an obair ullmhúchán don Scéim nua UBU-Your Place, Your Space. |
| 6. Caidreamh a chothú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtíocht a chothú trí chláir de chuid an Aontais Eorpaigh. | • Leanadh de thionscadail nua Erasmus+ a chur chun cinn.<br>• Comhpháirtíocht Malartú Scoile Erasmus+ i gColáiste na Ríochta.<br>• D'fhreastail Gaelcholáiste Chiarraí, Coláiste Gleann Lí agus Coláiste Pobail Oileán Chiarraí ar SheRuns, arna eagrú mar chuid de Erasmus+ i bPáras d'fhonn cur le rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí Spóirt. |
| 7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht níos minice agus níos forleithne i gcúrsaí spóirt agus aclaíochta a thabhairt i gcrích. | • Comhar leanúnach le Comhpháirtíocht Caitheamh Aimsire agus Spóirt Chiarraí. |
| 8. Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí i réimse na hEalaíne chun an ealaín a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais. | • Oibríonn CCÓC i gcomhar le hOifig Ealaíne CCC maidir leis an gclár a chur chun cinn agus a thabhairt i gcrích.<br>• Oibríonn Music Generation i gcomhar le hOifig Ealaíne CCC maidir leis an gclár a chur chun cinn agus a mhaoiniú. |
| 10. Comhoibriú go dlúth i bpáirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go gcuirtear ar bhealach níos cónasctha leis na cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm. | • Tá an Stiúrthóir, Scoileanna, Óige agus Ceol, ina chomhalta ar an gCoiste Forbartha Pobail agus Áitiúil (CFPÁ) agus ar an nGrúpa Gnímh Áitiúil (GGÁ) agus treisíodh lena gcuid tionscnamh i rith na bliana 2019. |

**Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh agus forfheabhsú a thabhairt i gcríoch maidir le Comhairle na nDaltaí/Mac Léinn i ngach scoil, coláiste agus ionad de chuid an bhoird. | • Eagraíodh trí chruinniú d'Fhóram Dhaltaí BOO Chiarraí i rith na bliana 2018/2019 ag ar tháinig ionadaithe ó gach ceann de na scoileanna iarbhunscolaíochta. |
| 2. Athbhreithniú a dhéanamh agus forfheabhsú a thabhairt i gcrích maidir le Comhairle na dTuismitheoirí i ngach scoil, coláiste agus ionad de chuid an bhoird. | • Comhairle na dTuismitheoirí ar bun agus gníomhach i ngach scoil iarbhunscolaíochta.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil do Chomhairlí na dTuismitheoirí.<br>• I rith na bliana 2018/2019, tionóladh ceithre chruinniú d'Fhóram Tuismitheoirí BOO Chiarraí. Bhí na cruinnithe dírithe ar na hábhair seo a leanas:<br>» Bearta tús áite FSSF<br>» An tSraith Shóisearach<br>» Folláine § Sábháilteacht Idirlín<br>» CO<br>» Cruinnithe Parent/Teacher Student Meetings<br>» Gairmthreoir. |
| 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | • Tosaíodh ar athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe tríú páirtí atá ar bun faoi láthair i.e. Meamraim Tuisceana, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus Comhaontuithe Deontais, d'fhonn barr éifeachtúlachta a chinntiú.<br>• Cuireadh Grúpa Stiúrtha CCÓC ar bun.<br>• Líontar foirmeacha aiseolais tar éis gach beart oiliúna. |
| 5. Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó gheallsealbhóirí mar lón eolais maidir le cineálacha na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus feabhas a chur ar an soláthar reatha. | • Rinne rannpháirtithe óige CCÓC athbhreithniú ar gach clár/togra ar a thabhairt chun críche. Tagann an obair ar chláir ina dhiaidh seo faoi anáil an aiseolais sin. |
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Scaipeadh Féilire FSSF/FGL leis an lucht foirne sna scoileanna.<br>• Cuireadh Múnla Tacaíochta nua i bhfeidhm do na Múinteoirí.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint rialachais mar gheall ar an gCód Rialachais.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne faoi Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• D'fhreastail an uile dhuine den Bhainistíocht ar Oiliúint Inseirbhíse Bhliantúil maidir le Bainistíocht Líne<br>• Athbhreithniú leanúnach maidir le fóraim cruinnithe.<br>• Cruinnithe foirne, seisiúin maoirseachta, cothabháil foirne, cruinnithe curaclaim, cruinnithe meithle cúraim, cruinnithe laethúla mionfhaisnéise ar chuid de na modhanna in úsáid chun treisiú leis an mbainistíocht líne.<br>• Eagraíodh Lá Foghlama do na múinteoirí iarbhunscolaíochta ar fad i dhá sheisiún, Tuaisceart Chiarraí agus Deisceart Chiarraí. |
| 9. An obair maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a mheas d'fhonn pleanáil chónasctha a spreagadh chomh maith le cláir agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais i gCiarraí. | • Bhí dhá chruinniú ag Coiste Stiúrtha FSSF BOO Chiarraí i rith na bliana 2018/19 agus oibríodh ar bhonn straitéise le hIonad Oideachais Thrá Lí, SFGM, an tIonad Maidir le Ceannaireacht Scoile, Coláiste Mhuire gan Smál agus Múinteoirí na Sraithe Sóisearaí (MSS) chun FGL ábhartha a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile. |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**

*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 4. An cumas agus an inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Athbhreithniú bainistíochta ar an gCóras Rialachais Inmheánach.<br>• Cuireadh Clár Oiliúna Ceannaireachta agus Bainistíochta do Bhainisteoirí Meánleibhéil le chéile le cúnamh tacaíocht ón Ionad maidir le Ceannaireacht Scoile.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil do Chathaoirligh agus do Rúnaithe na gCoistí uilig faoi Alt 44, i gcomhréir leis an Acht BOO 2013.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint rialachais mar gheall ar an gCód Rialachais.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• D’fhreastail an uile dhuine den Bhainistíocht ar ar Oiliúint Inseirbhíse Bhliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Cuireadh atheagar ar chlár oibre na gcruinnithe bainistíochta ionas gur géire an bhéim ar na spriocanna straitéiseacha. Ceannaireacht, rialachas agus cuntasacht ar chlár an chruinnithe go buan leanúnach.<br>• Tosaíodh ar chóras tuairisceoireachta a leagan amach maidir leis na cláir/ seirbhísí inmheánacha seo a leanas:<br>» Oifig Forbartha Óige<br>» Folláine Chiarraí<br>» CCÓC<br>» Music Generation. |
| 5. Cur leis an gcumas pleanála maidir le hacmhainní agus leis an gcumas bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfear leas as oiliúint agus as forbairt ghairmiúil leanúnach agus as struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí. | • Cuireadh trí cinn de Sheisiúin Ceannaireachta Meánleibhéil ar siúl do 38 Sealbhóir Poist API.<br>• Ceapacháin thábhachtacha ar leibhéal ardbhainistíochta i rith na bliana 2019:<br>» Oifigeach Forbartha Óige<br>» Oifigeach Forbartha Ceoil<br>» Comhordaitheoir Cruthaitheachta Óige<br>» Beirt Phríomhoidí Bunscoile<br>» Príomhoide Gníomhach Iarbhunscolaíochta<br>» Leas-Phríomhoide Gníomhach. |
| 8. Cultúr a chothú lena ngabhann feabhsú leanúnach agus nós athmhachnaimh. | • Sé cinn de sheisiúin mharana do Phríomhoidí Scoileanna Iarbhunscolaíochta.<br>• Oiliúint do mhúinteoirí agus do lucht bainistíochta scoileanna i Modhanna Athshocrú Dea-iompair. |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Straitéis margaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú. | • Eagraíodh Seachtain Scoileanna BOO Chiarraí i mí Meán Fómhair chun na scoileanna agus Oícheanta Oscailte a chur chun cinn.<br>• Tháinig sluaite i bhfad níos mó i láthair ag na hOícheanta Oscailte ná mar a tháinig i rith bhlianta roimhe seo.<br>• Ullmhaíodh Plean Caidrimh Phoiblí bliantúil sna scoileanna iarbhunscolaíochta ar fad agus cuireadh i bhfeidhm iad.<br>• Tá Pearsa Freagrach i ngach scoil iarbhunscolaíochta maidir le Caidreamh Poiblí |
| 4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm. | • Ainmníodh BOO Chiarraí ar an eagraíocht ceannródaíochta maidir le Plean Teanga a ullmhú do bhaile Thrá Lí.<br>• Shínigh BOO Chiarraí Meamram Comhthuisceana le Comhchoiste Chiarraí i ndáil le bonn treise faoin Oifigeach Gaeilge.<br>• Tá BOO Chiarraí ar Choiste Comhairleach Thobar Dhuibhne<br>• Bhí an tOifigeach Gaeilge ar Choiste Stiúrtha Breacadh thar ceann BOO Chiarraí.<br>• Tairgíodh deis don uile bhall den fhoireann freastal ar chúrsaí Gaeilge.<br>• Cuireadh campa samhraidh cúig lá i scileanna meán cumarsáide ar siúl do dhaltaí rang a sé i mBaile an Fheirtéaraigh i mí Iúil ar ar fhreastail dáréag dalta. |
| 5. Straitéis a thabhairt chun cinn maidir le húsáid níos éifeachtaí as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | • Tháinig Music Generation i láthair as a stuaim féin ar na meáin shóisialta, Twitter, Instagram, etc.<br>• Tháinig CCÓC i láthair as a stuaim féin ar na meáin shóisialta, Twitter, Instagram, etc. |

**Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

*Fócas: Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Leanúint de chláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a chur ar fáil chun soláthar do na riachtanais a thugtar chun aire tríd an bpróiseas maidir le bainistíocht feidhmíochta. | • Eagraíodh Cúrsa Bainistíochta Gaeilge i mí Meithimh.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint rialachais mar gheall ar an gCód Rialachais.<br>• D'fhreastail an uile dhuine den Bhainistíocht Líne ar an lá Inseirbhíse Bliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Cruinnithe leanúnacha ag an lucht bainistíochta inmheánach i.e. Bainisteoirí Sinsearacha Feidhmiúcháin, Cruinnithe Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí etc.<br>• Athbhreithniú leanúnach maidir le fóraim cruinnithe.<br>• Cruinnithe foirne, seisiúin maoirseachta, cothabháil foirne, cruinnithe curaclaim, foirne cúraim, mionfhaisnéis laethúil le háireamh ar na modhanna a úsáideadh chun bonn treise a chur faoin mbainistíocht líne.<br>• Chuaigh an uile dhuine den Bhainistíocht Líne faoi oiliúint Sláinte & Sábháilteachta.<br>• Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta, Pleananna Feabhsúcháin ar bun maidir le gach Scoil. |

| | |
|---|---|
| 4. Leanúint de bhonn a choimeád faoin scéim leas foirne agus cuidiú le deiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist ag an lucht foirne. | • Suirbhé folláine maidir le Scoileanna, Óige agus Ceol.<br>• Cuireadh an fhoireann ar an eolas faoi scéim leasa na foirne, Inspire Workplace Service.<br>• Cuireadh fógraí ar chlár fógraí na foirne, seoladh teachtaireachtaí ríomhphoist maidir le cúrsaí oiliúna agus scaipeadh eolas faoi dheiseanna poist taobh istigh de BOO Chiarraí.<br>• Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar bun agus é in úsáid ag an lucht foirne. |
| 5. Leanúint de chláir agus de straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun dea-shláinte meabhrach a chothú i measc na ndaltaí, na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne. | • Cuireadh oiliúint d'Fhoireann Tacaíochta na nDaltaí ar fáil do c. 54 múinteoir agus/nó pearsa bainistíochta i líon ba mhó ná ceithre scoil is fiche i gCiarraí.<br>• D'eagraígh scoileanna ócáidí maidir le cúrsaí Folláine.<br>• Cuireadh fógraí ar chlár fógraí na foirne, seoladh teachtaireachtaí ríomhphoist maidir le cúrsaí oiliúna agus scaipeadh eolas faoi dheiseanna poist taobh istigh de BOO Chiarraí.<br>• Seirbhísí tacaíochta agus comhairleoireachta ar fáil do na daltaí uilig agus do na baill foirne go léir. |
| 7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir leis na cláir. | • Tugadh an próiseas pleanála SSF/FGL chun críche i mí Bealtaine. |
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil, go mbíonn gach foirgneamh de chuid an bhoird oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | • An Bhainistíocht Sláinte & Sábháilteachta uua ar fáil.<br>• Leasaíodh na Cláir Riosca.<br>• Forbraíodh páirc imeartha uile-aimsire Choláiste Pobail Oileán Chiarraí.<br>• Tuadh an phleanáil chun cinn maidir le páirc imeartha uile-aimsire Choláiste Pobail Chill Airne.<br>• Athbhreithniú leanúnach maidir le hobair thógála agus chothabhála sna scoileanna |

## An Oifig Forbartha Óige

Leagtar amach sa tábla thíos an réimse sruthanna cistíochta a riartar faoi scáth na hOifige Forbartha Óige maille le sonraí faoi na heagraíochtaí a fuair cistíocht, na tairbhithe agus leithroinnt na bliana 2020 má tá an t-eolas sin ar fáil.

| An Sruth Cistíochta | Leithroinnt 2019 € | Eagraíocht | Líon na dTairbhithe | Leithroinnt 2020 (má bhaineann le hábhar) € |
|---|---|---|---|---|
| An Scéim Deontais maidir le Clubanna Óige Áitiúla? | 53,099 | Clubanna Óige | 49 Club Óige | 56,300 |
| Deontais Caipitil | 20,000 | KDYS | 1,186 | 16,255 |
| SSCÓ (R1 & R4) | 153,184.25 | KDYS | 1,186 | 427,959 |
| Ionaid Eolais do Dhaoine Óga (R4) | 28,919.25 | KDYS | 2,556 | 115,677 |
| An Tionscnamh maidir le hInfhostaíocht Dhaoine Óga | 100,000 | KDYS | 34 | Le deimhniú (Ní leithroinnt bhliantúil atá i gceist) |
| An Scéim Deontais maidir le Trealamh do Chlubanna Óige Áitiúla | 45,338 | Clubanna Óige | 26 Club Óige | Le deimhniú (Ní leithroinnt bhliantúil atá i gceist) |
| An Scéim Deontais maidir le Seirbhís Óige LGBTI+ | 5,000 | Listowel FRC | Pobal LGBTI+ | Le deimhniú (Ní leithroinnt bhliantúil atá i gceist) |
| An Fheidhm Obair Óige | 94,582 | BOO Chiarraí | ní bhaineann le hábhar | 117,139 |

* Bhíothas ag feitheamh le heolas maidir le tairbhithe na scéimeanna seo ag tráth fhoilsiú na tuarascála seo óir is i mí Bealtaine 2020 atá tuarascálacha RLGÓ faoi dhul chun cinn na bliana le cur ar fáil. Déantar leasú suntasach faoin scéim ionchais UBU Your Place Your Space (Iúil 2020) ar an bpróiseas tuairisceoireachta maidir le scéimeanna SSCÓ, rud a fhágfaidh teacht i bhfad níos áisiúla ar an bhfaisnéis i rith na mblianta seo romhainn.

## Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí

Baineann Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí (CCÓC) le togra náisiúnta arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag Éire Ildánach. Tá BOO Chiarraí ar an bpáirtnéir ceannródaíochta maidir leis an gclár a thabhairt i bhfeidhm i gCiarraí faoi láthair.

Tá de chuspóir le CCÓC bearta cruthaitheachta a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a chuireann lena dtarlaíonn i dtimpeallacht foirmeálta na scoile, beartaíocht cruthaitheachta a chur chun cinn agus bonn treise a chur faoi oideachas cruthaitheachta agus cultúir ar leanaí agus ar dhaoine óga.

Seo a leanas athbhreithniú mionsonraithe ar na sé mhí tosaigh den togra a thabhairt i bhfeidhm sa bhliain 2019.

| Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | € | Costas (tuarastal lucht foirne san áireamh) € | Líon na gClár a cuireadh i gcríc | Líon na dTairbhithe Óga |
| Isteach (fáltas airgid) | 100,000 | - | - | - |
| Amach | | 64,586 | 19 | 949 |
| Fuílleach (ar aghaidh go dtí 2020) | 35,414 | - | - | - |

| Measúnóireacht Shealadach ar Chomhpháirtíocht Chruthaitheacht Óige Chiarraí 2019 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na dTairbhithe | Taithneamh as an mBeartaíocht | Smaointe nua a theacht de bharr smaointe a chur sa timpeall | Líon na mBeart | Líon na nIonad | Líon na rannpháirtithe óga i gcomhairliúchán chead cainte don óige |
| 949 | 85% | 87% | 19 | 12 | 198 |

## Torthaí 2019

Cuireadh tús i ndeireadh mí Bealtaine 2019 le Plean Oibre CCÓC, agus na tograí dá réir, a thabhairt i gcrích nuair a ceapadh Comhordaitheoir maidir le hÓige Ildánach. Chuir CCÓC creat feidhmiúcháin ar bun trínar tosaíodh ar thionscadail cruthaitheachta, cláir agus ceardlanna a chur ar siúl i gcomhar le scoileanna BOO Chiarraí, eagraíochtaí óige, grúpaí óige agus ionaid acmhainne do theaghlaigh.

Bhí réimse leathan ag baint leis na cláir a tugadh i gcrích, iad seo a leanas ina meas:

- Trí cinn de Chaiféanna Óige ar Oíche an Chultúir i gcomhar le seirbhís óige áitiúil
    - Caifé Óige The Creepy Film
    - Caifé Óige LISTEN!
    - Caifé Óige A K-POP
- Ceardlanna Cheannairí Óige maidir le Smidiú don Stáitse
- Ceardlanna DJ & Meascóireachta
- Ceardlanna maidir le Cúrsa Galf Dhá Mhaide a Leagan amach
- Clár Ceoil LISTEN!
- Seisiúin chun Blas a thabhairt ar

Amharclannaíocht Óige
- Ceardlanna maidir le Túr na Samhlaíochta
- Ceardlanna maidir le hÚrscéalta Grafaice
- Gúrúnna maidir le Dearthóireacht Grafaice
- Ceardlanna Teachtaireachtaí Dearcealaíne Chomhairle na nÓg
- Oiliúint STEAM do Cheannairí Óige i gcomhar le Camera Education LTD
- SING! Ceardlanna don Ghuth Cinn
- UN TECH: Ceardlanna Scannánaíochta
- FUN TECH: Ceardlanna Scannánaíochta
- Ceardlanna Dearthóireachta maidir le Dróin.

## Torthaí

Spreag CCÓC 949 duine óg ar fud Chiarraí le naoi gcinn déag de chláir éagsúla trínar moladh do dhaoine óga cur ar a son féin agus trínar cothaíodh an misneach sin a dhéanamh.

Tháinig níos mó de mheon an chomhair chun cinn idir na geallsealbhóirí éagsúla i rith na bliana 2019 mar gheall ar Ghrúpa Stiúrtha CCÓC a chur ar bun. Bíonn cruinnniú gach ráithe ag 'Páirtnéirí' CCÓC ar mhaithe leis an bpleanáil ar an gclár ar fad agus lena fhorbairt. Tá i ndán gur éifeachtaí agus gur críochnúla a chuirfear seirbhís ar fáil mar gheall ar an gcomhar páirtnéireachta seo agus go dtiocfaidh sé chun leasa do dhaoine óga i rith na bliana 2020.

Fágfaidh an leathnú ar scóip an chláir sa bhliain 2020 gur fiúntaí arís fónamh na dTeagascóirí Cruthaitheachta agus na ndaoine óga féin don chlár.

## Music Generation

Tugann Music Generation deis chinniúnach faoi leith do BOO Chiarraí chun cur leis an soláthar maidir le ceol i scoileanna agus i gcoláistí an BOO agus i dtimpeallachtaí dhaoine óga ar fud an chontae. Tá d'aidhm le Music Generation i gCiarraí go dtabharfaí faoi cheisteanna tíreolaíochta maidir le deiseanna ceoil, go gcuirfí leis an rogha seánraí, go ndéanfaí fairsingiú agus leathnú ar thionscnaimh córanna, go gcuirfí leis na deiseanna seanma agus ceolchoirme i measc an phobail agu sgo gcuirfí leis na deiseanna fostaíochta, oiliúna agus forbartha gairmiúla ag ceoltóirí agus ag teagascóirí i gCiarraí.

Cuireadh tús i rith na bliana 2019, le hOifigeach Forbartha Ceoil a cheapadh, leis an bpleanáil maidir leis an gclár a thabhairt i bhfeidhm go lánchuimsitheach. Tá BOO Chiarraí ag tnúth go mór le tabhairt i bhfeidhm an togra i rith na bliana seo romhainn amach.

CUID 4

# Ráiteas faoi Sheirbhísí Breisoideachas agus Oiliúint

# *Ráiteas faoi Sheirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint*

In 2019 the focus of Kerry ETB
In 2019, ba mhar a chéile fócas BOO Chiarraí agus muid fós ag iarraidh an caighdeán is airde de dheiseanna oideachais agus oiliúna fadsaoil a chur ar fáil do na pobail go léir ar fud Chiarraí. Is léiriú ar chomh maith is atá ag éirí lenár gcuid oibre ar bhonn leanúnach an líon foghlaimeoirí, líon atá ag ardú, a bhíonn ag freastal ar ár gcuid Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna.

Gabhaimid buíochas ó chroí leis an bhfoireann, foghlaimeoirí, geallseabhóirí réigiúnacha agus SOLAS as an ról a bhí acu sa méid a baineadh amach sa bhliain 2019

*An tUasal Owen O'Donnell*
*Stiúrthóir FET*

## An Buiséad BO&O agus Tairbhithe (2019)

In 2019, leithroinn SOLAS buiséad €28,982,738 ar Bhreisoideachas agus Oiliúint BOO Chiarraí le haghaidh 10,721 tairbhí beartaithe. B'ionann caiteachas iarbhír iomlán Bhreisoideachas agus Oiliúint BOO Chiarraí don bhliain 2019 agus €28,946,405 le haghaidh 11,741 tairbhí iarbhír.

Leagtar amach sa tábla thíos na tairbhithe de réir catagóir cláir BO&O.

| Clár | 2019 mar a beartaíocdh | 2019 mar a tharla |
|---|---|---|
| 2016+ Printíseacht | 24 | 24 |
| Litearthacht Daoine Fásta | 1229 | 1265 |
| Printíseacht Céim 7 | 114 | 131 |
| Oiliúint Printíseachta (2,4,6) | 458 | 491 |
| Nascoiliúint agus Bunoiliúint | 43 | 39 |
| Grúpaí TFO | 2,170 | 2,065 |
| Oideachas Pobail | 1,756 | 2,015 |
| Ionaid Oideachais Pobail | 82 | 83 |
| BCTE | 367 | 504 |
| Oiliúint Tráthnóna | 888 | 1234 |
| Uaireanta Comhoibre BO&O | 11 | 24 |
| ITABE | 31 | 12 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 10 | 10 |
| Cistí Eile | n/a | 575 |
| IAT | 1,632 | 1,485 |
| Athlonnú Dídeanaithe | 0 | 0 |
| AFRR | 10 | 6 |
| Scileanna don Obair | 76 | 31 |
| Scileanna chun Dul chun Cinn | 23 | 23 |
| Soláthraithe Oiliúna Saineolais | 157 | 194 |
| Oiliúint Sainscileanna | 590 | 536 |
| Oiliúint Oiliúnaíochta | 437 | 471 |
| Teagasc Deonach Litearthachta | 65 | 83 |
| SDOG Lárnach | 286 | 212 |
| Ógtheagmháil | 253 | 228 |
| **Iomlán BO&O** | **10,712** | **11,741** |

Léirítear sa tábla thíos líon na gcúrsaí i rith na bliana 2019 de réir na réimsí scileanna.

| Soláthar BO&O Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i rith na bliana 2019 de réir Réimsí Scileanna | Líon na gCásanna maidir le cúrsaí a raibh tús curtha leo faoin 1 Eanáir 2019 | Líon na gCásanna maidir le cúrsaí a gcuirfí tús leo i rith na bliana 2019 | Móriomlán na gCúrsaí de réir na Réimsí Scileanna |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Gairneoireacht agus Muirshaothrú | 3 | 16 | **19** |
| Eolaíocht Ainmhithe | 2 | 3 | **5** |
| Ealaín agus Ceardaíocht | 12 | 23 | **35** |
| An Timpeallacht Foirgníochta | 4 | 11 | **15** |
| Gnó, Riarachán | 19 | 50 | **69** |
| TEC Lárnach | 6 | 25 | **31** |
| Pearsanta Lárnach | 124 | 327 | **451** |
| Innealtóireacht | 2 | 5 | **7** |
| Innealtóireacht (Leictreachas) | 2 | 2 | **4** |
| Innealtóireacht (TE) | 0 | 0 | **0** |
| Innealtóireacht (Meicniúil) | 2 | 8 | **10** |
| Innealtóireacht (Iompar) | 0 | 0 | **0** |
| Fiontraíocht | 0 | 0 | **0** |
| Seirbhísí Airgeadais | 2 | 2 | **4** |
| Bia agus Deochanna | 4 | 14 | **18** |
| Foghlaim Ghinearálta | 6 | 316 | **322** |
| Gruagaireacht, Teiripí Scéimhe & Teiripí Gaolmhara | 8 | 13 | **21** |
| Sláinte, Seirbhísí Teaghlaigh agus Seirbhísí Sóisialta eile | 45 | 116 | **161** |
| Teicneolaíocht an Eolais | 4 | 7 | **11** |
| Teanga | 0 | 0 | **0** |
| Bainistíocht | 2 | 7 | **9** |
| Déantúsóireacht | 1 | 0 | **1** |
| Grafaic Meán Cumarsáide | 5 | 13 | **18** |
| Acmhainní Nádúrtha | 0 | 0 | **0** |
| Oiliúint Taighde agus Oideachais | 1 | 3 | **4** |
| Díolachán & Margaíocht | 0 | 5 | **5** |
| Eolaíocht agus Teicneolaíocht | 2 | 4 | **6** |
| Seirbhísí Slándála, Gardála & Éigeandála | 2 | 6 | **8** |
| Sampláil Scileanna | 0 | 7 | **7** |
| Spórt agus Fóillíocht | 9 | 11 | **20** |
| Turasóireacht | 5 | 10 | **15** |
| Iompar, Dáiliúchán & Lóistíocht | 1 | 3 | **4** |
| orbairt agus Dearthóireacht Gréasáin | 1 | 1 | **2** |
| **Iomlán** | **274** | **1008** | **1282** |

| **Sprioc 1: Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar an Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**<br>*Fócas: Cláir oideachais agus oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus ar cháilíocht dhearbhaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí breisoideachais agus oiliúna atá á dtairiscint faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus aitheanta ar an leibhéal idirnáisiúnta. | • Rinneadh athbhreithniú ar chláir Oiliúna i Scileanna Sonracha agus athraíodh na cláir seo a leanas ionas gur Oiliúnacht atá i gceist leo anois<br>» Léiriúchán Craoltóireachta<br>» Scileanna Meán Digiteach<br>» Gruagaireacht<br>» Riarachán Oifige<br>» Modhanna Oibre Raidió a athrú go dtí Léiriúchán Clár Raidió<br>» Iriseoireacht Dhigiteach.<br>• Tosaíodh ar chlár Printíseachta do Theicneoirí Tuirbíní Gaoithe a fhorbairt.<br>• Tosaíodh ar athbhreithniú dearbhú cáilíochta maidir le cúrsa printíseachta an Commis Chef.<br>• Aontaíodh le BOO Chiarraí a bheith ina ionad tástála IELTS.<br>• Thug an tSeirbhís maidir le Litearthacht agus Bunoideachas don Duine Fásta (BDF) teastais ar Leibhéal 1 isteach agus cuireadh le líon na gcúrsaí dearbhaithe go bhfuil dearbhú le 50% ar a laghad faoin tráth seo. |
| 4. A chinntiú go gcuirtear nós imeachta maidir le dearbhú cáilíochta i bhfeidhm go seasmhach leanúnach i ngach ceann de na cláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal. | • Cuireadh oiliúint faoin ról atá le Duine Sainordaithe maidir le Cosaint Leanaí agus Cumhdach Leanaí ar an lucht foirne in ionaid Youthreach i mí Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2019.<br>• Rinne Coiste Maoirseachta BOO Chiarraí maidir le Cosaint Leanaí seiceáil ar ionaid Youthreach agus rinneadh athbhreithniú ar an gcáipéisíocht go léir.<br>• Rinneadh Caighdeánú ar na cláir seo a leanas ar Leibhéal CNC 5 & 6:<br>» Riarachán Oifige<br>» Teiripe Scéimhe<br>» Gruagaireacht<br>• Rinneadh Leabhrán Caighdeánaithe an Fhoghlaimeora a dhréachtadh maidir le gach clár BO&O.<br>• Thug an tAonad Dearbhú Cáilíochta gnáis agus teimpléid don Mheasúnóireacht Chaighdeánaithe chun cinn.<br>• Cuireadh oiliúint ar fhoireann na n-ionad BO&O ar fad maidir leis na gnáis oibre, na teimpléid agus na próisis nua measúnóireachta etc.<br>• Cuireadh córas lárnaithe maidir le dearbhú seachtrach ar bun |
| 5. Leanúint de na scoileanna/ coláistí/ionaid a ullmhú do scrúdú cigireachta seachtrach, do chuairteanna comhairle agus do chuairteanna monatóireachta maidir le dearbhú cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na scrúduithe/na gcuairteanna i bhfeidhm le barr éifeachta. | • Monatóireacht leanúnach ar ionaid agus ar chláir BDF. Ar na cuairteanna cigireachta QA a tugadh i rith na bliana 2019, áirítear;<br>» KCill Airne<br>» Trá Lí<br>» Daingean Uí Chúis.<br>• Cuireadh an Tuairisc ar Bheartaíocht Feabhsú Cáilíochta BO&O na bliana 2018 i láthair QQI.<br>• Foilsíodh an Tuairisc ar an Dul chun Cinn faoin bPlean QA maidir le Feabhsú Cáilíochta 2019.<br>• Ullmhaíodh an Plean QA maidir le Feabhsú Cáilíochta 2019.<br>• Bhí dea-thoradh ar scrúdú cigireachta a rinne an ROS ar Youthreach Chiarraí Theas. |

<table>
<tr><th colspan="2">Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán<br>Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.</th></tr>
<tr><th>Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)</th><th>A ndearnadh i rith na bliana 2019</th></tr>
<tr><td>1. Straitéisí a thabhairt chun cinn maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach faoi dhearbhú cáilíochta a chur ar fáil don uile dhuine atá ag plé le cláir a chur i gcrích.</td><td>
• Cuireadh Plean maidir le FGL Bhaill Foirne BO&O BOO Chiarraí faoi bhráid SOLAS i rith R1 2019.<br>
• Baineadh leas as deiseanna cumarsáide Office 365 ar mhaithe le FGL do bhaill foirne uile BO&O.<br>
• Tuairisc leanúnach ar FGL BO&O trí Office365 a úsáid.<br>
• Cuireadh oiliúint maidir le húsáid Office 365 ar fáil don Aonad QA.<br>
• Chuir an tAonad QA 21 seisiún mionteagaisc faoi mheasúnacht maidir le dearbhú cáilíochta ar fáil do bhaill foirne BO&O a oibríonn maidir le cúrsaí QQI.</td></tr>
<tr><td>2. Cúnamh taca agus acmhainní a chur ar fáil maidir le gnáis teagaisc agus foghlama atá uilechuimsitheach/ difreáilte sna scoileanna/coláistí/ ionaid ar fad agus i ndáil le gach clár</td><td>
• Beartaíocht Eitneach BO&O mar a bhí i mí Deireadh Fómhair 2019:
<table>
<tr><th>Programme</th><th>Irish Traveller Distinct Learner</th><th>Activity</th><th>Roma Distinct Learner</th><th>Activity</th></tr>
<tr><td>Grúpaí Litearthachta do Dhaoine Fásta</td><td>10</td><td>17</td><td>2</td><td>4</td></tr>
<tr><td>Grúpaí TFO</td><td>3</td><td>5</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Oideachas Pobail</td><td>6</td><td>6</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Ionaid Oiliúna Pobail</td><td>1</td><td>1</td><td>1</td><td>1</td></tr>
<tr><td>ESOL</td><td></td><td></td><td>6</td><td>8</td></tr>
<tr><td>Oiliúint Oíche</td><td>1</td><td>1</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>IAT</td><td>1</td><td>1</td><td>2</td><td>2</td></tr>
<tr><td>Oiliúint Oiliúnachta</td><td>1</td><td>1</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Teagasc Deonach Litearthachta</td><td>1</td><td>1</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Youthreach</td><td>11</td><td>16</td><td>8</td><td>9</td></tr>
<tr><td>Iomlán</td><td>35</td><td>49</td><td>19</td><td>24</td></tr>
</table>
• Athraíodh go dtí soláthar díreach maidir le cláir Youthreach i:<br>
» Lios Tuathail<br>
» Cill Airne<br>
» Trá Lí<br>
» Trá Lí ATF<br>
• Chuidigh Oideachas Pobail le ranganna cócaireachta, cothúcháin agus corpacmhainne do bhreis agus 250 foghlaimeoir.<br>
• Chuir Oideachas Pobail na tionscnaimh speisialta seo i bhfeidhm:<br>
» Tionscadal OP TEAM maidir le Teacht ó Andúil<br>
» Gluaiseacht ar Aghaidh<br>
» An Clár maidir le hEalaín san Ospidéal.<br>
• Cuireadh oiliúint maidir le Measúnóireacht Disléicse ar c.24 ball foirne BO&O ar fud an cholúin.<br>
• Tugadh faoi straitéisí éagsúla, ina measc cúnamh comhchéime do chleachtóir foghlama, an dea-chleachtas a chraobhscaoileadh, pleananna foghlama don duine aonair, seisiúin athbhreithnithe mar chuid den am caidrimh, agus seisiúin mionteagaisc don lucht foirne maidir le cúrsaí uimhearthachta agus litearthachta.<br>
• Feabhas maidir leis an teacht atá ar mhalairt acmhainní ag foghlaimeoirí i.e. foclóirí, ábhar leabharlainne maidir le forbairt phearsanta, litríocht léitheoireachta etc.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | • Crochadh bratach LGBT+ ar champais Choláiste Chiarraí chun tacú le Feiceálach i gCiarraí: Dearcadh LGBT+.<br>• Crochadh bratach LGBT+ ag Ógtheagmháil Chill Airne agus Lios Tuathail.<br>• Tá obair leathbhádóireachta ar fáil in KAGIS ar mhaithe leis an gcleachtas gairme a bhreathnú.<br>• Acmhainní léinn ar fáil ar SharePoint e.g. acmhainní Educoot.<br>• Cuireann baill na foirne acmhainní i gcomhar ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.<br>• Cuireann baill na foirne acmhainní inseirbhíse/FGL i gcomhar. |
| 3. Cuidiú le forbairt iomlánaíoch ar na daltaí agus ar na foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in scoileanna iarbhunscolaíochta agus ar chúrsaí breisoideachas agus oiliúna. | • Featured: Síníodh Meamram Comhthuisceana idir BOO Chiarraí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun cur leis na deiseanna comhchaidrimh maidir le hoideachas agus oiliúint faoin aer.<br>• Bunaíodh an tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna faoin Aer (INOOA) i gCeapaigh na Lao, Cill Orglan.<br>• Rinneadh dlúthchuid de chúrsaí uile Youthreach den chorpoideachas agus den aireachas.<br>• Maidir leis an bPunann Spóirt agus Fóillíochta, cuireadh 11 cúrsa ar fáil, idir chúrsaí lánaimseartha agus chúrsaí páirtaimseartha BO&O le líon foriomlán c.164 áit ar na cúrsaí.<br>• Leibhéal 3 Sláinte & Corpacmhainneacht ar siúl i dhá ionad BDF.<br>• Dúthracht leanúnach maidir le Seachtain Chur chun cinn na Sláinte ar fud na n-ionad go léir.<br>• Dúthracht leanúnach maidir leis an tSeachtain Sláinte Meabhrach ar fud na n-ionad ar fad. |
| 4. Cultúr nuálaíochta agus gnás athmhachnaimh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail cleachtais a fhorbairt agus scaipeadh an tsárchleachtais. | • Eagraíodh an chéad Lá Foirne BO&O i mí Aibreán 2019 ag a raibh c.260 ball foirne i láthair.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le Office 365 ar fáil don fhoireann i dtaca leis an dea-chleachtas a chur i láthair.<br>• Cuiredh oiliúint maidir le MS OneNote ar fáil mar bhonn treise faoi chóras Bainistíochta BO&O maidir le Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta atá i bhfeidhm i ngach ionad/campas.<br>• Cuireadh na Comhlachais Cleachtais seo a leanas ar bun i gColáiste Chiarraí:<br>  » Gruagaireacht<br>  » Teiripe Scéimhe<br>  » Riarachán Oifige.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le MS Teams ar fáil mar bhonn taca maidir le CC.<br>• Bhí saineolaithe tionsclaíochta páirteach go gníomhach maidir le modúil a chur i láthair i gColáiste Chiarraí.<br>• Eagraíodh seisiúin mharana foirne do ghrúpa bainistíochta Team SDOG.<br>• Ullmhaíodh Tuairisc QA faoi Chomhlachais Cleachtais.<br>• Ullmhaíodh Tuairisc QA faoi Ionadaíocht na bhFoghlaimeoirí.<br>• Acmhainní léinn ar fáil ar SharePoint e.g. acmhainní Educoot.<br>• Cuireann baill na foirne acmhainní i gcomhar ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim<br>• Cuireann baill na foirne acmhainní inseirbhíse/FGL i gcomhar. · PMFL (Pleanáil do Mheasúnóireacht agus d'Fheabhsú Leanúnach) ar siúl i Youthreach, Trá Lí agus ATF Youthreach. |

| | |
|---|---|
| 5. Teicneolaíocht de chineálacha nua atá ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh chun cur le caighdeán an teagaisc agus na foghlama. | • Comharfhorbairt ar Straitéis TEC BOO Chiarraí 2019-2022.<br>• Cuireadh cuntas Office 365 ar fáil don uile fhoghlaimeoir lánaimseartha i gCampais Choláiste Chiarraí ar Bhóthar na Claise, ar Shráid Deiní agus i Lios Tuathail chomh maith le SDOG i gCill Airne.<br>• Baineadh leas as MS Teams mar bhonn taca maidir le CC agus acmhainní i gcomhar.<br>• Cuireadh Foirm Iarratais Moodle faoi bhráid SOLAS.<br>• Ullmhaíodh Plean maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) agus cuireadh faoi bhráid SOLAS é R1 2019.<br>• Cuireadh Clár Bán Idirghníomhaíochta ar fáil i ngach ionad BDF.<br>• Rinneadh tástáil phíolótach ar an gcóras nua TE de chuid BOOÉ maidir le Bainistíocht ar Mhodúil Léinn i ndáil le dámhachtana QQI a fhorbairt.<br>• Rinneadh dlúthchuid d'ábhar teicneolaíochta i ngach plean ceachta agus straitéis teagaisc de chuid Youthreach.<br>• Tá seomraí ríomhaireachta ar fáil i ngach ionad BO&O leis an trealamh ar fad a bheadh de dhíth.<br>• Tá próiseas pleanála ar siúl maidir le próiseas a leagan amach don obair chothabhála agus d'uasghrádú ar threalamh TE ar fud na n-ionad agus d'athrú an trealaimh.<br>• Ríomhfhoghlaim agus tástáil shampla ar líne in ionaid ina mbíonn cúrsaí ECDL/ICDL á dteagasc<br>• Rinneadh cur i láthair le comhdháil NALA agus le comhdháil ALOA maidir le ceangal a nascadh agus foghlaim a dhéanamh le TEC, sárchleachtas BOO Chiarraí maidir le ceangal idir dhá ionad BO&O. |
| 6. Deiseanna a chruthú ionas gur féidir le daltaí/foghlaimeoirí pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid foghlama. | • Tugtar cuireadh don uile fhoghlaimeoir BO&O ar chúrsa creidiúnaithe aiseolas a thabhairt don teagascóir.<br>• D'úsáid an fhoireann teagaisc agus foghlama aiseolas maidir le measúnóireacht mhúnlaitheach.<br>• Rinne an tAonad QA bearta mar seo a leanas chun faisnéis ó fhoghlaimeoirí agus aiseolas faoin teagasc, faoin bhfoghlaim agus faoin measúnóireacht a bhailiú:<br>» Suirbhéanna<br>» Suirbhé do Phrintísigh<br>» Ceistiúchán d'Fhoghlaimeoirí Treorú Turais.<br>• Cuireadh torthaí na Suirbhéanna QA faoi bhráid Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí. Bhí le sonrú ón aiseolas ón tsuirbhéireacht go bhfuil gá le cúnamh taca maidir le cúrsaí uimhearthachta agus litearthachta.<br>• Líonann foghlaimeoirí SDOG foirm measúnóireachta ar bhonn foirmeálta faoi dhó sa bhliain.<br>• Líonann foghlaimeoirí Youthreach isteach ceistiúchán faoi leith mar chuid de PMFL.<br>• Líonann foghlaimeoirí BDF isteach foirmeacha measúnóireachta ar líne.<br>• Baintear úsáid as foirmeacha measúnóireachta ag deireadh gach cúrsa maidir le hOideachas Pobail, ranganna oíche féinmhaoinithe agus TFO. |

| | |
|---|---|
| 7. Cultúr a chothú trína dtarlaíonn ceiliúradh ar shárfheabhas na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne agus ar a gcuid saothair. | • Eagraíodh ócáidí Ghradaim Fhoghlaimeoirí BO&O ar fud ionaid, chláir agus thograí BOO Chiarraí ar mhaithe le haitheantas agus spreagadh do na foghlaimeoirí BO&O agus ceiliúradh ar a mbaineann siad amach.<br>• Ar na hócáidí aitheantais, bhí searmanais bhronnadh na dteastas, Gradaim do Dhalta/Foghlaimeoir na Míosa, Gradaim Chinn Bhliana, Gradam BOO Chiarraí do Dhalta/Fhoghlaimeoir na Bliana etc.<br>• Oibríodh ar ardáin nua meán sóisialta chun poiblíocht agus ceiliúradh a dhéanamh ar ar baineadh amach.<br>• Foilsíodh tuairiscí ar na meáin cumarsáide go háitiúil agus go náisiúnta. · Foilsíodh tuairiscí i nuachtlitreacha BOOÉ.<br>• Foilsíodh tuairiscí i nuachtlitir bhliantúil BOOÉ.<br>• Rinneadh ceiliúradh ar shaothar na bprintíseach trí chomórtas Generation Apprenticeship agus comórtas World Skills.<br>• Ghlac foghlaimeoirí an Daingin páirt i bhFéile na Bealtaine le taispeántas dá gcuid ceardaíochta. |
| 8. Cur chuig fhorbairt curaclaim agus cláir ar bhealaí lena leagtar béim ar an ábhar a chaomhchóiriú do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na bhfostaithe agus an phobail agus do na scileanna a bhfuil príomhthábhacht leo sa réigiún. | • Cuireadh Coláiste Chiarraí ar bun ar mhaithe le:<br>» Pleanáil a dhéanamh go lárnach<br>» Cúrsaí a fhorbairt go lárnach de réir riachtanais áitiúla<br>» Cur chuige lárnach maidir le caidreamh le fostóirí agus socrúcháin taithí oibre<br>» Caighdeánú ar chúrsaí a chóirítear do riachtanais na háite<br>» Athbhreithniú ar an gcúnamh taca maidir le hioncam an fhoghlaimeora,<br>• Rinne Meitheal Bainistíochta BO&O athbhreithniú ar na pleananna seirbhíse ar fud na n-ionad BO&O go léir i bhfianaise riachtanais fostaíochta go háitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta. Tugtar san áireamh leis an bpleanáil an lón treorach ó aonad taighde SOLAS maidir leis an margadh saothair, ón gComhairle Náisiúnta Scileanna agus ón nGrúpa Saineolais maidir le Scileanna san am atá romhainn.<br>• Tosaíodh ar chlár Printíseachta do Theicneoirí Cothabhála ar Thuirbíní Gaoithe a leagan amach.<br>• Thug Coláiste Chiarraí cúrsaí nide maidir le cúram sláinte chun cinn i ndáil le riachtanais a sonraíodh sna hospidéil áitiúla.<br>• Tugadh isteach Scileanna Dul chun Cinn mar bhonn treise faoi fhorbairt na bhfostaithe agus mar bheart i ndáil le riachtanais oiliúna nan ngnólachtaí áitiúla.<br>• Rinneadh athbhreithniú leanúnach maidir le Dearbhú Cáilíochta, mar chuid den ghnáthmhodh oibre, ar chúrsaí agus ar thorthaí saothair.<br>• Bhí an phleanáil maidir le hOideachas Pobail dírithe ar chuidiú leis an eacnamaíocht shóisialta áitiúil, ar chomórtas na mbailte slachtmhara go háitiúil agus ar thurasóireacht go háitiúil.<br>• Sheol BDF Slí na Matamaitice agus an Dúshlán Léitheoireachta faoin aer i gCill Airne, Co. Chiarraí.<br>• Thairg BOO Chiarraí Dioplóma Full Stack de chuid Code Institute maidir le Forbairt Bogearraí. Seo an chéad chúrsa de chuid Code Institute a cuireadh ar siúl lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Beart a bhí ann a rinneadh i ndáil le riachtanaiss earnáil na Teicneolaíochta i gCiarraí.<br>• Faoin tionscadal Explore a eagraíodh faoi scáth Fhóram Réigiúnach Scileanna an Iardheiscirt, cuireadh oiliúint i scileanna TEC san ionad oibre ar fhostaithe in earnáil na déantúsaíochta. |
| 9. A chinntiú gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte nua aimseartha. | • Cuireadh Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) ar bun go hoifigiúil.<br>• Osclaíodh Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní, go hoifigiúil.<br>• Rinneadh an obair phleanáladh maidir le háras Choláiste Scéimhe Chiarraí agus cuireadh tús leis an obair thógála.<br>• Cloíodh go daingean leis na coinníollacha maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus Cosaint Leanaí ar fud na n-ionad agus na gcampas go léir. |

| | |
|---|---|
| 10. Cloí leis na treoirlínte náisiúnta maidir le cúrsaí folláine, iad a chur chun cinn agus a chinntiú go mbíonn cúnamh taca leordhóthanach ar fáil ag daltaí, mic léinn agus foghlaimeoirí.. | • Cuireadh cúnamh taca breise ar fáil d'fhoghlaimeoirí de réir mar ba ghá.<br>• Cúnamh taca maidir le comhairleoireacht ar fáil ag na foghlaimeoirí ar fad.<br>• Tagann an soláthar Obair Óige agus BO&O do dhaoine óga nach bhfuil ag dul faoi oideachas, fostaithe ná ag dul faoi oiliúint (NEET) faoi anáil Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile, Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020.<br>• Rinneadh leathnú ar an nGrúpa Meantóireachta Comhchéime gur tugadh Trá Lí, an Neidín, Oileán Chiarraí agus Cathair Saidhbhín faoina scáth.<br>• Cuireadh oiliúint ar áisitheoirí an Ghrúpa Meantóireachta Comhchéime maidir le WPCT (Wellness Recovery Action Plan).<br>• Rinneadh dul chun cinn sármhaith faoi TEAM, scéim Oideachais Pobail (OP) de chuid BOO Chiarraí maidir le teacht ó andúil. Tá an tionscadal sin le háireamh ar na bearta faoin bplean gníomhaíochta atá ag an Tascfhórsa Réigiúnach maidir le Drugaí agus Deoch Meisciúil.<br>• Cloíodh go docht le Treoirlínte Náisiúnta Youthreach maidir le cúrsaí Folláine.<br>• Leanadh den 24ú bliain den chomhpháirtíocht idir an Clár Oideachais Pobail/COSS.<br>• Chuir an clár Oideachais Pobail tionscnamh Bá le Daoine Aosta Chiarraí i bhfeidhm, tionscnamh de chuid Údaráis Áitiúla Chiarraí agus an Coiste Forbartha Pobail agus Áitiúil (CFPÁ). |

**Sprioc 3: Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna**

***Fócas: Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú.***

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Freagairt go leanúnach d'athrú déimeagrafaíochta i gCiarraí agus an soláthar seirbhísí a phleanáil dá réir sin chomh mór agus is féidir. | • Cuireadh Coláiste Chiarraí ar bun ar mhaithe le<br>» Pleanáil a dhéanamh go lárnach<br>» Cúrsaí a fhorbairt go lárnach de réir riachtanais áitiúla<br>» Cur chuige lárnach maidir le caidreamh le fostóirí agus socrúcháin taithí oibre<br>» Caighdeánú ar chúrsaí a chóirítear do riachtanais na háite<br>» Athbhreithniú ar an gcúnamh taca maidir le hioncam an fhoghlaimeora.<br>• Athbhrandáil ar chatagóirí cúrsaí faoi Choláiste Chiarraí d'fhonn deiseanna níos fearr BO&O a chruthú.<br>• Dhírigh BOO Chiarraí ar mhapáil a dhéanah de na limistéir ar fud Chiarraí lena mbaineann an ghnóthachtáil is ísle ó thaobh oideachais de réir Dhaonáireamh na bliana 2016.<br>• Leis an bPrótacál Idirghníomhaireachtaí idir RGFCS agus BOO Chiarraí, soirbhítear do phleanáil gnó gach bliain i ndáil leis na hathruithe ar an mBeochlár dífhostaíochta le haird faoi leith ar dhífhostaíocht i measc daoine óga.<br>• Rinne SDOG cóiriú d'athrú déimeagrafaíochta trí sholáthar breise maidir le cúrsaí ESOL agus scileanna bunúsacha TE.<br>• I bhfianaise daonra Chiarraí a bheith ag éirí níos sin ó thaobh próifíle, ghlac an clár Oideachas Pobail páirt sa straitéis Ciarraí Báúil le Daoine Aosta.<br>• Tugadh Tuarascáil SAP maidir leis an scaipeadh tíreolaíochta a ghabhann le gnóthachtáil oideachais ar leibhéal íseal arna scrúdú de réir aoise. |

| | |
|---|---|
| 2. Freagairt go héifeachtúil do riachtanais na bhfostóirí agus chúrsaí eacnamaíochta go ginearálta le seifteanna den nuáil agus den chruthaitheacht. | Ullmhaíodh cláir nua chun freastal do riachtanais lucht gnó agus tionsclaíochta:<br>• Bhí c.23 a bhain leas as cúrsaí arna gcur ar fáil faoin bpolasaí maidir le Scileanna chun Dul chun Cinn.<br>• Cuireadh cúrsaí Scileanna don Obair ar fáil do c.31 duine.<br>• Cuireadh iarratas faoi bhráid QQI maidir le dearbhú ar an bPrintíseacht do Theicneoirí Cothabhála ar Thuirbíní Gaoithe.<br>• Tugadh isteach Dioplóma Full Stack maidir le Bogearra a Fhorbairt.<br>• BOO Chiarraí an páirtnéir ceannródaíochta maidir le Printíseacht an Commis Chef in Éirinn.<br>• Cuireadh an Clár Explore ar fáil i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iardheiscirt. Cuirtear scileanna TE ar fáil faoin gclár sin d'oibrithe déantúsaíocht agus innealtóireachta.<br>• Pleanáil maidir le Margaíocht Dhigiteach Deimhnithe ar Leibhéal Gairmiúil do Chomhlachtaí Teicneolaíochta Chiarraí.<br>• Bainistíocht Maoirseoireachta maidir le hinfreastruchtúr fóntais.<br>• Ullmhúchán maidir le dearbhú i leith Dhámhachtana Ardleibhéil ar Leibhéal 5 & 6 chun soláthar do riachtanais phobal feirmeoireachta an cheantair.<br>• Ullmhaíodh Cúrsa Tairsigh maidir le Córas Méadrachta Cliste a chur isteach.<br>• Taighde agus forbairt maidir le sraith cúrsaí i ndáil le Foirgnimh atá<br>• Nach Mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh d'fhonn cur le scileanna cheardaithe tógála. |
| 3. Cur leis an inniúlacht beart a dhéanamh i ndáil le réimsí dúshláin i sochaí ilchultúrtha. | • Ghlac c.297 foghlaimeoir ESOL páirt in oiliúint sa Bhéarla.<br>• Chuidigh Oideachas Pobail le foghlaimeoirí idirnáisiúnta in Ionad Acmhainní Idirnáisiúnta Thrá Lí trí chuidiú le tobchaifé a chur ar bun mar thionscadal eacnamaíochta sóisialta.<br>• Cuireadh tús le Polasaí maidir le Táillí agus Díolúine Táillí a leagan amach d'fhonn díriú ar chearta agus ar theidlíochtaí an uile chatagóir d'fhoghlaimeoirí as tíortha nach ballstáit den AE. |
| 4. Leanúint de sheifteanna a leasú agus a fhorbairt ón nua fhorbairt chun cur leis an rannpháirtíocht i mbearta oideachais agus oiliúna. | • Cuireadh Coláiste Chiarraí ar bun mar gheall ar riachtanais bhreise BO&O i gCiarraí.<br>• Chuir Coláiste Chiarraí deireadh le táillí iarratais ar líne i ndáil leis na cúrsaí go léir.<br>• Cuireadh tús leis an bpleanáil agus leis an obair thógála ar Oifig Iontrála nua Choláiste Chiarraí agus ar Choláiste Scéimhe Chiarraí.<br>• Cuireadh tús leis na pleananna maidir le Campas Lios Tuathail Choláiste Chiarraí agus Coláiste na Ríochta a dhealú ó chéile.<br>• Rannpháirtithe ar Scéim OP TEAM BOO Chiarraí maidir le Teacht ó Andúil 2019:<br>» chuaigh 30% ar aghaidh le soláthar lánaimseartha BO&O nó HE<br>» chuaigh 35% ar aghaidh le fostaíocht lánaimseartha<br>» d'fhan 17% dífhostaithe<br>» tharla athiompú i gcás 13% den mheitheal iomlán. |
| 5. An úsáid as deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus cláir oíche. | • Bhí ról tábhachtach leis an gColún BO&O madiir le Straitéis TEC BOO Chiarraí 2019-2022 a chur le chéile.<br>• Tá modhanna solúbtha soláthair ar fáil do dhaoine fostaithe, mar shampla cúrsaí oíche agus cúrsaí deireadh seachtaine.<br>• Baineadh úsáid as NALA Writon.ie maidir le deimhniú QQI Leibhéal 2.<br>• Baineadh úsáid as eCollege maidir le Scileanna le Tabhairt chun Cinn de réir mar ba chuí.<br>• Cuireadh Foirm Iarratais Moodle faoi bhráid SOLAS. |

| | |
|---|---|
| 6. I gcomhar le SOLAS, agus ar aon dul leis an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, cláir oideachais agus oiliúna a shainaithint agus a chur ar fáil chun daoine óga agus daoine fásta a ullmhú do chúrsaí eile oideachais agus do dheiseanna fostaíochta. | Ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair 2019 maidir le Caidreamh Straitéise le SOLAS, tugadh tuairisc ar na torthaí feidhmíochta seo a leanas maidir leis an mbliain 2018 i gcomhréir le Comhaontú Fheidhmíocht Straitéiseach BOO Chiarraí:<br>• **Sprioc 1:** c.1,131 foghlaimeoir dulta i mbun fostaíochta, i bhfad níos mó ná sprioc 495 na bliana 2018.<br>• **Sprioc 2:** c.776 foghlaimeoir as sprioclíon 1,003 dulta chun cinn go dtí cúrsa BO&O. Tugtar chun aire nach bhfuil figiúirí HEA na bliana 2019 san áireamh ó tharla nach raibh siad ar fáil tráth a raibh an tuairisc seo á scríobh.<br>• **Sprioc 3:** c.256 foghlaimeoir ar chláir bunscileanna a bhain amach teastas ar Leibhéal CNC 1-3, níos mó ná sprioc 200 na bliana 2018.<br>• **Sprioc 4:** c.7,433 d'ardú ar líon na ndaoine fásta a d'éiligh soláthar ar leibhéal BO&O maidir le foghlaim feadh saoil as sprioclíon 8,303 i leith na bliana sin.<br>• **Sprioc 5:** c.1,497 foghlaimeoir a ghnóthaigh cáilíocht sna réimsí scileanna a sonraíodh a bheith cinniúnach.<br>• **Sprioc 6:** c.288 a chláraigh maidir le hOiliúnaíocht, níos mó ná sprioc 246 na bliana 2018. |
| 8. Leanúint ag treisiú le seifteanna atá bunaithe ar an riachtanas a thabhairt chun cinn maidir le hobair ógra i gCiarraí. | • Athraíodh seirbhísí Youthreach agus Thogra Meantóireachta BOO Chiarraí go dtí soláthar díreach.<br>• Tháinig c. 200 faoi bhráid Thogra Meantóireachta BOO Chiarraí i rith na bliana 2019.<br>• Rinne BOO Chiarraí cathaoirleacht ar an bhFoghrúpa NEET ag CSLDÓ. Tháinig dá thoradh sin gur eagraíodh ceithre thionscadal infhostaíochta idirghníomhaireachtaí do dhaoine óga ar cuireadh is c.39 faoina mbráid agus gur thug c.16 duine óg faoi ullmhúchán cuimsitheach don dul ar aghaidh.<br>• Rinne KAGIS cion tairbhe maidir le Togra Infhostaíochta Fhorbairt Thuaisceart, Oirthear agus Iarthar Chiarraí (NEWKD) le haird ar dhul ar aghaidh agus ar phleanáil don ré gairme. |

## Sprioc 4: Rochtain agus Dul chun Cinn

*Fócas: Cuidiú le daltaí agus le foghlaimeoirí deiseanna oideachais agus oiliúna a thapú agus páirt leanúnach a ghlacadh iontu agus dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cúrsaí oideachais, fostaíochta agus/nó forbartha pearsanta.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Aitheantas a thabhairt, i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta, d'fhoghlaim roimh ré ionas go bhfreastalaítear d'iontráil ar chláir oideachais agus oiliúna. | • Tosaíodh ar Thuairisc QA maidir le Clárú Foghlaimeoirí, a gCoinneáil, a dtabhairt go Ceann Cúrsa, Creidiúnú a bhaint amach agus an Ráta Dul chun Cinn.<br>• Cuireadh na Gnáis Oibre AFRR i bhfeidhm maidir leis an bPrintíseacht Náisiúnta do Threoraithe Turais.<br>• Bhí beirt fhoghlaimeoirí a thapaigh AFRR agus a chuaigh siad i mbun Printíseachta maidir le Treoraí Turais agus le Commis Chef.<br>• Leathnaíodh na Gnáis Oibre maidir le AFRR ionas go bpléitear le cláir oiliúna de réir riachtanais gach cás faoi leith. |

| | |
|---|---|
| 2. Cúnamh taca maidir le cúrsaí oideachais agus gairmthreorach a chur ar fáil do na foghlaimeoirí chun cur, oiread agus is féidir, le deiseanna tosaigh agus le deiseanna dul chun cinn. | • Cuireadh tús leis an bpleanáil maidir le hOifig Iontrála Choláiste Chiarraí. Tá an oifig seo i lár an bhaile mhóir dírithe ar eolas agus ar threoir a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí nua agus d'fhoghlaimeoirí ionchais i gCiarraí.<br>• D'oibrigh KAGIS le c.1,364 tairbheach i rith na bliana 2019.<br>• Chuir KAGIS sé cinn de cheardlanna ar siúl, ina measc Future Steps agus Scileanna CV & Agallaimh.<br>• Tá Pleanáil agus Treoir maidir le Ré Gairme ar fáil don uile fhoghlaimeoir BO&O.<br>• Bearta cúnta maidir le céim chun cinn i.e. cúnamh taca le CAO, ráitis phearsanta etc. ar fáil don uile fhoghlaimeoir BO&O.<br>• Chuir Grúpa Thionscnamh NEETS / NEWKD maidir le hInfhostaíocht Dhaoine Óga treoir do dhaoine fásta, tástáil shíciméadrach, pleanáil bunaithe ar an duine, slite chun cinn, cuairteanna ar an láthair agus pleanáil ré gairme i gcrích.<br>• Cuireadh cúnamh taca agus comhairle ar fáil do c.200 duine óg faoin Tionscadal Meantóireachta Comhchéime.<br>• Baineann Youthreach agus BDF úsáid as Skills Checker mar dheis tosaigh scagthástála le hiarratasóirí úra.<br>• Téann foghlaimeoirí SDOG faoi agallaimh bréige chun cuidiú le céim chun cinn agus le cúrsaí fostaíochta.<br>• Mar a luaitear i bPáipéar Oibre BO&O-HE maidir le hAistriúchán 2020, b'ionann ráta céim chun cinn BOO Chiarraí sa bhliain 2017 agus 25.5%, i gcomparáid le meánráta 18.3% ar fud na hearnála. |
| 3. Na straitéisí a fheabhsú maidir le foghlaimeoirí a chlárú ar chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna ionas go dtarlaíonn socrú an chúrsa don fhoghlaimeoir, rannpháirtíocht an fhoghlaimeora agus leanúint go ceann cúrsa chomh maith agus chomh minic agus is féidir. | • Coláiste Chiarraí a chur ar bun ar mhaithe le foghlaimeoirí ar fud Chiarraí a chlárú.<br>• Cuireadh tús le caighdeánú ar chúrsaí i dtaca le socrúcháin d'fhoghlaimeoirí agus a gcuid rannpháirtíochta. Rinneadh caighdeánú i rith na bliana 2019 ar na cúrsaí seo a leanas:<br>» Teiripe Scéimhe<br>» Riarachán Oifige<br>» Gruagaireacht<br>• Feabhas maidir le líon na bhfoghlaimeoirí BO&O atá cláraithe ar CTFC.<br>• Tháinig ardú go dtí 40% sa bhliain 2019, ó 26% sa bhliain 2018, maidir le clárú trí chuntais MCBO&O. |
| 4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun tuairisc a choimeád ar dhul chun cinn agus ar thorthaí na bhfoghlaimeoirí. | • Cuireadh meitheal nua CTFC faoi leith ar bun mar chuid d'Oifig Iontrála nua Choláiste Chiarraí. Bhí béim mhór maidir le hobair na bliana 2019 ar shonraí a chur isteach go cruinn, iomlán, tráthúil ar an gcóras.<br>• Anailís CTFC maidir le Daoine a fhágann roimh dheireadh cúrsa; Nithe nach eol; Cuntais MCBO&O; Cúig Ionad BO&O; ITABE; Teastais Féinmhaoinithe; Oideachas Pobail.<br>• Rinneadh suirbhé Tuairisc Teileafóin le béim ar an soláthar oiliúna lánaimseartha.<br>• Baineadh úsáid as ardáin teicneolaíochta agus anailís MIS chun tuairiscí agus torthaí a chruthú agus a scaipeadh.<br>• Aontaíodh sceideal maidir le tuairiscí anailíse agus cuireadh tuairisc anailíse ar fáil do Mheitheal Bainistíochta BO&O.<br>• Tugadh Tuarascáil SAP maidir leis an scaipeadh tíreolaíochta a ghabhann le gnóthachtáil oideachais ar leibhéal íseal arna scrúdú de réir aoise.<br>• Cuireadh tús le Suirbhé Lorgaireachta QA maidir le Céim chun Cinn na bhFoghlaimeoirí maidir le Campas Mhóin an Bhaile Choláiste Chiarraí, CTC agus Oiliúint Sainspeisialta. |

| | |
|---|---|
| 5. Straitéisí agus acmhainní a chur chun feidhme chun a chinntiú gur dlúthchuid de gach clár agus cúrsa na réimsí inniúlachta buntábhachtacha (litearthacht, uimhearthacht, smaointeoireacht chriticiúil, scileanna digiteacha agus ríomhaireachta agus scileanna maidir le fostaíocht a ghnóthú). | • Seoladh Straitéis TEC BOO 2019-2022 go hoifigiúil.<br>• Rinneadh dlúthchuid de gach clár lánaimseartha de bhunscileanna lárnacha inaistrithe.<br>• Cuireadh Ionaid Taca d'Fhoghlaimeoirí Choláiste Chiarraí ar bun ar fud na gcampas go léir.<br>• Sonraíodh ó Mheasúnacht Tosaigh ar Phrintísigh go raibh gá ag c.96 le cúnamh breise le cúrsaí uimhearthachta agus litearthachta.<br>• Cuireadh BDF ar fáil do c.1,328 foghlaimeoirí i rith na bliana 2019.<br>• Cuireadh cúnamh foghlama ar fáil do rannpháirtithe uile Youthreach.<br>• Cuireadh Pacáistí maidir le Tacaíocht Foghlama ar fáil do bhaill foirne Youthreach.<br>• Cuireadh foghlaimeoirí faoi bhráid shíceolaithe oideachais de réir mar ba chuí.<br>• Glacadh páirt i dtionscadal taighde náisiúnta SOLAS/NALA faoin sárchleachtas maidir le Litearthacht Teaghlaigh. |
| 6. Sraith de bhearta taca don fhoghlaimeoir a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta taca do dhaoine faoi míchumas, socrúcháin agus plé le gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar leanú. | • Chuir Seirbhís Treorach KAGIS cúnamh leanúnach ar fáil, scileanna agallaimh, pleanáil ré gairme agus eile san áireamh.<br>• Cuireadh réimse de bhearta cúntar ar fáil le Tionscadal Meantóireachta BOO Chiarraí, ina measc cóitseáil, treoir, pleanáil ré gairme, forbairt phearsanta agus eile.<br>• Rinne an tAonad QA i gcomhar le hIonaid BO&O gnáis oibre maidir le Cóiríocht Réasúnta a ullmhú.<br>• D'aontaigh Bord Rialachais QA agus Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí na gnáis oibre maidir le Cóiríocht Réasúnta.<br>• Cóiríodh BDF de réir riachtanais fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas.<br>• Chuir Oideachas Pobail bonn taca faoi thionscadail Fheirmeoireacht Shóisialta Chiarraí trínar freastalaíodh do dhaoine faoi mhíchumas a thabhairt san áireamh.<br>• Chuir Oideachas Pobail, i gcomhar le DESSA, trí chúrsa ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí leanaí agus dhaoine fásta faoi mhíchumas.<br>• Coinníonn BOO Chiarraí caidreamh leanúnach ar bun le seirbhísí tacaíochta príomhthábhachtacha i.e. FSS agus seirbhísí andúile atá bunaithe ar an bpobail; tacaíocht maidir le foréigean agus éigniú gnéis; tacaíocht maidir leis an tsláinte meabhrach, Cumann N. Uinseann de Pól etc.<br>• Coinníonn BOO Chiarraí dea-chaidreamh oibre ar bun le LNF, Ionad Oiliúna Coolgraine agus EmployAbility.<br>• Comhairleoireacht Shiceolaíochta ar fáil ag gach foghlaimeoir SDOG & Youthreach |

**Sprioc 5: Comhpháirtíocht Bhisiúil a Fhorbairt**

***Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtai nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.***

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Leanúint de chaidreamh éifeachtach a chothú le heagraíochtaí na bhfostóirí, le ceardchumainn agus le heagraíochtaí eile chun taithí oibre agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na daltaí agus do na foghlaimeoirí. | • 4 chruinniú le TUI.<br>• Rinne c.3,000 foghlaimeoir BO&O taithí oibre in 2019.<br>• Rinneadh modúil nua taithí oibre ar Leibhéil CNC 3 – 6 a fhorbairt agus a chur ar fáil ar fud ionaid uile BO&O BOO Chiarraí.<br>• Cuireadh Cuibhreannais Stiúrtha, ar a bhfuil ionadaithe lucht tionsclaíochta agus saineolaithe san ábhar féin, ar bun mar chuid den phróiseas maidir le Printíseacht do Theicneoirí Cothabhála ar Thuirbíní Gaoithe a leagan amach.<br>• Leathnaíodh leis an gcaidreamh le fostóirí áitiúla in earnálacha éagsúla i.e. turasóireacht, fáilteachas, innealtóireacht, cúram sláinte etc.<br>• Deimhníodh le Beart Staidéir maidir le Tionchar Socheacnamaíochta a rinne SOLAS go bhfuil tionchar chun sochair ag BOO Chiarraí ar chúrsaí gnó agus tionsclaíochta, ar ghrúpaí pobail agus ar pháirtnéirí idirghníomhaireachta sa cheantar. |

| | |
|---|---|
| 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUCLS, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann. | • Bíonn dea-chaidreamh oibre á chothú ag BOO Chiarraí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.<br>• Oibríodh ar Deis RLGÓ maidir le Próifíl Ceantair.<br>• Cruinniú comhchaidrimh bliantúil idir QQI agus BOO Chiarraí.<br>• I rith na bliana 2019 chuir BOO Chiarraí cáipéisí ina leith seo a leanas faoi bhráid QQI:<br>» Plean Feabhsú Cáilíochta 2019<br>» Plean Feabhsú Cáilíochta - Tuairisc ar an Dul chun Cinn 2019<br>» Cláir nua éagsúla BO&O le Deimhniú<br>» Polasaithe & Gnáis Oibre i gcomhréir le Treoirlínte Lárnacha QQI Core agus Treoirlínte QA maidir le hearnáil na BOO go sonrach.<br>• I rith na bliana 2019 chuir BOO Chiarraí cáipéisí ina leith seo a leanas faoi bhráid SOLAS:<br>» Togra maidir le Tairiscint Cistíochta FAR 1 Liosta Seiceála<br>» Togra maidir le Tairiscint Cistíochta FAR 2 Tairiscint maidir le Cás Gnó<br>» Togra maidir le Tairiscint Cistíochta FAR 4 Buiséad agus Tionscadail<br>» Athbhreithniú Lár na Bliana maidir le Tairbhithe an tSoláthair agus Buiséid<br>» Dearbhú Ceann Bliana<br>» Tuairisceán maidir le Caipitíocht Fheabhsaithe Ranníocaíochta i leith Rannpháirtithe ar an gClár IAT<br>» Athbhreithniú Airgeadais - Caipiteal R3<br>» Tuairisc Airgeadais maidir leis an bPróiseas Comhardaithe<br>» Plean Seirbhíse<br>» Tuarascáil Bhliantúil<br>• Bhí BOO Chiarraí páirteach sna tionscadail taighde seo a leanas de chuid SOLAS:<br>» Daoine atá faoi Mhíchumas Intleachta a thabhairt sn áireamh maidir le Litearthacht do Dhaoine Fásta<br>» Tionscadal taighde náisiúnta SOLAS/NALA<br>» Beart Staidéir (píolótach) de chuid SOLAS maidir le Tionchar Socheacnamaíochta. |
| 3. Leanúint den dlúthobair i gcomhar le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | • 4 chruinniú le TUI. |
| 4. Leanúint den athbhreithniú, agus den leasú de réir mar is cuí, ar na próisis, na prótacail agus na gnáis oibre atá ar bun againn maidir le cúrsaí comhpháirtíochta. | • Leagadh amach Téarmaí Tagartha i ndáil leis an gComhairle Cáilíochta, an Bord Rialachais maidir le Deimhniú Cáilíochta, an Bord Rialachais maidir le Deimhniú Cáilíochta i ndáil le Cláir na.<br>• D'eagraigh an tAonad QA próiseas páirtnéireachta leis an bhfoireann tríd an nGrúpa Oibre maidir le Measúnacht.<br>• Cuireadh Cuibhreannais Stiúrtha, ar a bhfuil ionadaithe lucht tionsclaíochta, ar bun mar chuid den phróiseas maidir le Printíseacht don Commis Chef agus do Theicneoirí ar Thuirbíní Gaoithe.<br>• Cothaíodh caidreamh leis na líonraí tábhachtacha Qualifax agus Careers Portal d'fhonn cúrsaí BO&O a thabhairt san áireamh.<br>• Tosaíodh ar athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe tríú páirtí atá ar bun faoi láthair i.e. Meamraim Tuisceana, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus Comhaontuithe Deontais. |

| | |
|---|---|
| 5. Caidreamh dlúth a spreagadh agus a chothú le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus le heagraíochtaí deonacha ógra agus pobail d'fhonn treisiú leis na seirbhísí don ógra. | • Leanadh de bhonn treise a chur faoin gclár Oideachais Pobail agus de chistí a chur ar fáil lena aghaidh.<br>• Bhí úsáid á bhaint go leanúnach as Tionscadal Meantóireachta BOO Chiarraí ag eagraíochtaí eile.<br>• Thug BDF Comhaontú maidir le Prótacál Údaráis Áitiúla Chiarraí leis an Leabharlann Náisiúnta i bhfeidhm.<br>• Nascadh dlúthchaidreamh le hoibrithe an Gharda maidir le daoine óga a chur ar mhalairt slí, le hOifigigh Idirchaidrimh an Gharda le Daoine faoi Aois agus le Comhpháirtíocht Chiarraí Theas ar mhaithe le daoine óga.<br>• Síníodh Meamram Comhthuisceana idir BOO Chiarraí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun cur leis na deiseanna comhchaidrimh maidir le hoideachas agus oiliúint faoin aer. |
| 6. Caidreamh a chothú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtíocht a chothú trí chláir de chuid an Aontais Eorpaigh. | • Rinne Youthreach riar ar thionscadal de thionscnamh na Polainne le cistíocht ón AE.<br>• Cuireadh dhá Thionscadal Gluaisteachta KA102 ar bun i dhá Ionad BO&O |
| 7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht níos minice agus níos forleithne i gcúrsaí spóirt agus aclaíochta a thabhairt i gcrích. | • Oibríodh i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chiarraí chun ranganna spineála a chur ar fáil do dhaltaí/foghlaimeoirí. |
| 8. Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí i réimse na hEalaíne chun an ealaín a chur chun cinn i gcúrsaí oideachais. | • Cuireadh dhá ócáid chultúrtha dhéag ar siúl faoin gclár Oideachais Pobail, Cór an Daingin, Féile na mBard i mBaile Uí Dhonnchú, deireadh seachtaine scéalaíochta Eamonn Kelly ina measc.<br>• Cothaíodh nascanna ceangail idir Youthreach agus Siamsa Tíre agus Ionad Ealaíne Triskel i gCorcaigh. |
| 9. Caidreamh a chothú le fostóirí ionas go gcinntítear seifteanna éifeachtúla á dtapú chun freastal do riachtanais de réir mar a bhíonn athrú ar chúrsaí eacnamaíochta. | • Bhí c.23 a bhain leas as cúrsaí arna gcur ar fáil faoin bpolasaí maidir le Scileanna chun Dul chun Cinn.<br>• Rinneadh Anailís ar Riachtanais Oiliúna le heagraíochtaí cúram baile agus le tiománaithe bus i rith na bliana 2019 le fonn soláthar sonrach a chur ar fáil i rith na bliana 2020 mar chuid de Scileanna chun Dul chun Cinn.<br>• Ceapadh beirt chomhaltaí nua arna n-ainmniú thar ceann lucht Gnó agus Tionsclaíochta ar Bhord Rialachais Coláiste Chiarraí.<br>• Tá ionadaíocht ó fhostóirí ar Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Obair i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iardheiscirt. |
| 10. Comhoibriú go dlúth i bpáirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go gcuirtear ar bhealach níos cónasctha leis na cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm. | • D'oibrigh BOO Chiarraí i gcomhar le CFPÁ Chiarraí d'fhonn deiseanna comhoibre a thabhairt chun suntais agus dúbailt oibre a sheachaint.<br>• Cheap BOO Chiarraí ionadaí nua ar CFPÁ agus GGÁ.<br>• Cúnamh leanúnach maidir leis an gclár Oideachais Pobail agus cistíocht ina leith. |

**Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh agus forfheabhsú a thabhairt i gcríoch maidir le Comhairle na nDaltaí/Mac Léinn i ngach scoil, coláiste agus ionad de chuid an bhoird. | • Leathnú maidir le Comhairlí Foghlaimeoirí ar fud Champais Choláiste Chiarraí.<br>• Comhairlí Daltaí Youthreach ar bun.<br>• Ionadaíocht sealrialta foghlaimeoirí ar Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Rinneadh Ráiteas Cuspóire maidir le hIonadaíocht Foghlaimeoirí ar Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí a dhréachtadh agus a eisiúint. |
| 2. Athbhreithniú a dhéanamh agus forfheabhsú a thabhairt i gcrích maidir le Comhairle na dTuismitheoirí i ngach scoil, coláiste agus ionad de chuid an bhoird. | • Cuireadh Comhairle Tuismitheoirí ar bun i Youthreach Chill Airne agus i Youthreach Thrá Lí (ATF). |
| 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | • Ionadaíocht sealrialta foghlaimeoirí ar Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Rinneadh Ráiteas Cuspóire maidir le hIonadaíocht Foghlaimeoirí ar Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí a dhréachtadh agus a eisiúint.<br>• Cuireadh Cuibhreannais Stiúrtha ar bun maidir le Printíseacht don Commis Chef agus Printíseacht do Theicneoirí ar Thuirbíní Gaoithe.<br>• Tosaíodh ar athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe tríú páirtí atá ar bun faoi láthair i.e. Meamraim Tuisceana, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus Comhaontuithe Deontais, d'fhonn barr éifeachtúlachta a chinntiú. |
| 4. Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm maidir le gnóthaí breisoideachas agus oiliúna. | • Thug SOLAS chun suntais obair den rath maidir le spriocanna agus aidhmeanna.<br>• I rith na bliana 2019 chuir BOO Chiarraí cáipéisí ina leith seo a leanas faoi bhráid SOLAS:<br>» Togra maidir le Tairiscint Cistíochta FAR 1 Liosta Seiceála<br>» Togra maidir le Tairiscint Cistíochta FAR 2 Tairiscint maidir le Cás Gnó<br>» Togra maidir le Tairiscint Cistíochta FAR 4 Buiséad agus Tionscadail<br>» Athbhreithniú Lár na Bliana maidir le Tairbhithe an tSoláthair agus Buiséid<br>» Dearbhú Ceann Bliana<br>» Tuairisceán maidir le Caipitíocht Fheabhsaithe Ranníocaíochta i leith Rannpháirtithe ar an gClár IAT<br>» Athbhreithniú Airgeadais – Caipiteal R3<br>» Tuairisc Airgeadais maidir leis an bPróiseas Comhardaithe<br>» Plean Seirbhíse · Tuarascáil Bhliantúil. |

| | |
|---|---|
| 5. Leanúint d'úsáid a bhaint as an aiseolas ó gheallsealbhóirí mar lón eolais maidir le cineálacha na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus feabhas a chur ar an soláthar reatha. | • Rinneadh bearta mar seo a leanas chun faisnéis ó fhoghlaimeoirí agus aiseolas faoin teagasc, faoin bhfoghlaim agus faoin measúnóireacht a bhailiú:<br>» Suirbhéanna<br>» Suirbhé do Phrintísigh<br>» Ceistiúchán d'Fhoghlaimeoirí Treorú Turais<br>• Cuireadh torthaí na Suirbhéanna QA faoi bhráid Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí.<br>• Rinne Comhairle Cáilíochta BOO Chiarraí ar Thuairiscí Measúnóireachta agsu ar Aiseolas ó na Foghlaimeoirí.<br>• Cruthaíodh modh caighdeánaithe nua maidir le tuairisc a bhreacadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó gheallsealbhóirí eile maidir leis na Cláir BO&O.<br>• Tugtar cuireadh don uile fhoghlaimeoir BO&O ar chúrsa creidiúnaithe aiseolas a thabhairt don teagascóir<br>• Tiomsaítear aiseolas ó fhostóirí maidir le cúrsaí foghlama san ionad oibre faoi Scileanna don Obair agus Scileanna chun Dul chun Cinn.<br>• Tháinig pleanáil na gcúrsaí sa bhliain 2019 faoi anáil aiseolas ó gheallsealbhóirí.<br>• Bhí BOO Chiarraí ina ionad píolótach do Bheart Staidéir maidir le Tionchar Socheacnamaíochta a rinne Indecon ar son SOLAS. Bhí an t-aiseolas ó na ceardlanna ar fheabhas. |
| 6. Leanúint den fhorfheabhsú ar an straitéis caidrimh le fostóirí ionas go dtugtar na straitéisí maidir le forbairt scileanna níos dlúithe le riachtanais na bhfostóirí. | • Tháinig athrú ar an soláthar de thoradh ar obair leanúnach i gcomhar leis na fostóirí i rith na bliana 2019, mar shampla Cúrsa Tairsigh maidir le Córas Méadrachta Cliste; Bainistíocht Maoirseachta<br>• Rinneadh athbhreithniú agus athfhorbairt i gcomhar leis an ROS agus le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iardheiscirt ar an gClár Explore. Bhí an clár seo bunaithe ar bhearta áirithe oibre agus ar thionscadail faoi leith a shonraigh an fostóir. |
| 7. Leanúint den chomhchaidreamh le comhlachtaí bronnta dámhachtana, QQI ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama a bhíonn ar fáil ag na foghlaimeoirí. | • Cruinniú comhchaidrimh bliantúil idir QQI agus BOO Chiarraí.<br>• San fhoilseachán de chuid QQI dar teideal Quality in Irish Further Education and Training luaitear BOO Chiarraí mar eiseamláir den dea-chleachtas maidir le cathaoirleach neamhspleách a cheapadh agus foráil do lón eolais ó fhoghlaimeoirí ag cruinnithe de chuid na Comhairle Cáilíochta. |
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint rialachais mar gheall ar an gCód Rialachais.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne faoi Oilúint Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• D'fhreastail an uile dhuine den Bhainistíocht ar ar Oiliúint Inseirbhíse Bhliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Cruinnithe foirne, seisiúin maoirseachta, cothabháil foirne, cruinnithe curaclaim, cruinnithe meithle cúraim, cruinnithe laethúla mionfhaisnéise ar chuid de na modhanna in úsáid chun treisiú leis an mbainistíocht líne.<br>• Eagraíodh Lá Foirne an BO&O ar mhaithe le córas tacaíochta agus comhair don lucht foirne/bainistíochta. |
| 9. An obair maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a mheas d'fhonn pleanáil chónasctha a spreagadh chomh maith le cláir agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais i gCiarraí. | • Cruthaíodh modh caighdeánaithe nua maidir le tuairisc a bhreacadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó gheallsealbhóirí eile maidir leis na Cláir BO&O. |

| **Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**<br>*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 4. An cumas agus an inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Athbhreithniú ar an gCóras Rialachais Inmheánach. · Ceapacháin thábhachtacha ar leibhéal ardbhainistíochta i rith na bliana 2019:<br>» Aonad Dearbhú Cáilíochta<br>» Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí<br>» Oifigeach Oideachas do Dhaoine Fásta<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil do Chathaoirligh agus do Rúnaithe na gCoistí uilig faoi Alt 44, i gcomhréir leis an Acht BOO 2013.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint rialachais mar gheall ar an gCód Rialachais.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne faoi Oilúint Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• D'fhreastail an uile dhuine den Bhainistíocht ar ar Oiliúint Inseirbhíse Bhliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Cruinnithe bainistíochta inmheánacha go rialta leanúnach i.e. Bainisteoirí Feidhmiúcháin Sinearacha, Bainistíocht BO&O, Fóram BO&O etc. |
| 5. Cur leis an gcumas pleanála maidir le hacmhainní agus leis an gcumas bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfear leas as oiliúint agus as forbairt ghairmiúil leanúnach agus as struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí. | • Ghnóthaigh beirt de lucht Bainistíochta BO&O Dioplóma ar Leibhéal 8 i mBainistíocht Athraithe.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil maidir le córais a úsáid: CTFC&DCS.<br>• Monatóireacht ar chomhlíonadh na nGnás Oibre maidir le Dearbhú Cáilíochta.<br>• Cuireadh córais pleanála maidir le hacmháinní i bhfeidhm agus rinneadh mapáil orthu i gcomórtas leis an gClár QA ar mhaithe le Feabhsú Cáilíochta.<br>• D'aontaigh an lucht rialachais Córas Bainistíochta QA Oibriúcháin maidir le clár a leagan amach agus a cheadú.<br>• D'aontaigh an lucht rialachais polasaí QA maidir le Deimhniú Cláir. |
| 8. Cultúr a chothú lena ngabhann feabhsú leanúnach agus nós athmhachnaimh. | • Tá Machnamh maidir leis an gCleachtas Teagaisc agus Foghlama ina dhlúthchuid d'obair na gComhlachas Cleachtais. Cuireadh Comhlachais Cleachtais ar bun maidir leis na réimsí seo a leanas:<br>» Riarachán Oifige<br>» Gruagaireacht<br>» Teiripe Scéimhe<br>• Tugadh cúnamh taca do theagascóirí maidir le teagasc agus foghlaim do Dhámhachtana Ardleibhéil.<br>• Rinneadh Tuarascálacha Phainéal Cheadú na dTorthaí (PCT) a athbhreithniú ar fud na n-ionad BO&O.<br>• Rinneadh Tuarascálacha Anailíse Grád a athbhreithniú ar fud na n-ionad BO&O.<br>• Cuireadh tuairiscí Deimhniú Seachtrach QA agus tuairiscí PCT faoi bhráid Chomhairle Cáilíochta BOO Chiarraí agus cuireadh na moltaí dá réir sin i bhfeidhm.<br>• Chuir an tAonad QA oiliúint ar fáil maidir leis na réimsí seo a leanas:<br>» Polasaí, próisis agus gnáis measúnachta<br>» Teimpléid Measúnachta<br>» Bearta measúnachta a cheapadh agus a scríobh<br>» Measúnacht Comhtháite<br>» Dearbhú Inmheánach<br>» Deimhniú Seachtrach<br>» Acmhainní ar SharePoint<br>» Cosán – Próiseas Forbartha . |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Straitéis margaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú. | • Tosaíodh ar an obair dearthóireachta don bhrandáil ar Choláiste Chiarraí, comharthaí, páipéar ceannteidil, preabmheirgí etc.<br>• Leagadh amach feachtas tréan margaíochta chun an t-eintiteas nua – Coláiste Chiarraí – a sheoladh go hoifigiúil. Tugadh fógraíocht ar na modhanna traidisiúnta san áireamh i.e. altanna nuachtáin, feachtais raidió, fógraí móra ar thaobh an bhóthair, etc.<br>• Bolscaireacht ar bhonn tráchtála ar feadh seal fada ar chuntais meán sóisialta.<br>• Cur chuige slánchóirithe maidir le fógraíocht bunaithe ar na catagóirí nua cúrsaí i.e. de réir chúrsaí maidir le fostaíocht, cúrsaí maidir le céim ar aghaidh agus printíseacht.<br>• Cuireadh ar fáil cúlbhratacha agus meirgí ar fud gach ceann de na campais le brandáil nua lógónna CSE/AE/Rialtas na hÉireann agus comhbhrandáil lógónna Choláiste Chiarraí/BOO Chiarraí.<br>• Bronnadh an conradh do shuíomh idirlín nua Choláiste Chiarraí tar éis próiseas tairiscintí.<br>• D'éirigh leis an athbhrandáil ar Choláiste Chiarraí cur leis an aird ar an gcoláiste go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta.<br>• Cuireadh an chéad leagan de réamheolaire cuimsitheach Choláiste Chiarraí ar fáil.<br>• Cothaíodh caidreamh leis na líonraí tábhachtacha Qualifax agus Careers Portal d'fhonn cúrsaí BO&O a thabhairt san áireamh.<br>• Cuireadh tús leis an obair pleanála agus leis an obair tógála ar Oifig Iontála nua Choláiste Chiarraí.<br>• Tosaíodh ar chuairteanna bolscaireachta/eolais chuig gach scoil iarbhunscolaíochta i gContae Chiarraí le hábhar nua cur i láthair agus le foireann nua bolscaireachta.<br>• Tosaíodh ar chaidreamh a chothú le Comhairlí na dTuismitheoirí.<br>• Rinneadh ionadaíocht thar ceann Choláiste Chiarraí ag ócáidí fostaíochta agus fostóirí, agus treisíodh leis an gcaidreamh leis an RGFCS.<br>• Tháinig c.1,000 duine i láthair ag Seachtain Oscailte Ionad Oiliúna BOO Chiarraí ag ceardlanna i rith an lae agus imeachtaí tráthnóna.<br>• Cuireadh Eolaire Chúrsaí BOO Chiarraí d'Fhoghlaimeoirí Fásta ar fáil agus na cúrsaí á rangú de réir: Bunchúrsaí, Nasc-chúrsaí, Cúrsaí do Chéim chun Cinn, Fostaíocht nó Cúrsaí Réamhphrintíseachta.<br>• Lá Oscailte in Ionaid SDOG. |
| 4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm. | • nmníodh BOO Chiarraí ar an eagraíocht ceannródaíochta maidir le Plean Teanga a leagan amach do bhaile mór Thrá Lí.<br>• Bhí beirt chomhaltaí ag BOO Chiarraí ar Choiste Thascfhórsa Uíbh Ráthach.<br>• Tá comhaltacht ag BOO Chiarraí ar Choiste Comhairleach Thobar Dhuibhne<br>• Rinneadh an tOifigeach Gaeilge ionadaíocht thar ceann BOO Chiarraí ar Choiste Stiúrtha Bhreacadh.<br>• Tugadh deis don uile dhuine den fhoireann cúrsaí Gaeilge a dhéanamh. · D'eagraigh Oideachas Pobail soláthar TEG i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach.<br>• Chuir BDF Gaeilge do Thuismitheoirí, Comhrá Gaeilge ar fáil.<br>• Comharobair le Mol an Daingin chun ceardlann anamúlachta 10 seachtaine a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhéagóirí. |

| | |
|---|---|
| 5. Straitéis a thabhairt chun cinn maidir le húsáid níos éifeachtaí as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn. | • AFoireann a cheapadh in Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí d'fhonn freastal go háirithe do chuairteanna ar scoileanna, d'ábhar ar na meáin shóisialta, d'ábhar den chineál traidisiúnta do na nuachtáin etc.<br>• Bronnadh an conradh do shuíomh idirlín nua Choláiste Chiarraí tar éis próiseas tairiscintí.<br>• Cuireadh tús leis an Lámhleabhar maidir le Feabhsú QA a chur le chéile. |
| 7. An raon leathan roghanna maidir le céimeanna chun cinn atá ar fáil ag an bhfoghlaimeoir ar chláir Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a leagan amach. | • Atheagar ar an Soláthar BO&O mar gheall ar Choláiste Chiarraí a thabhairt chun cinn i.e. cúrsaí don dul chun cinn, cúrsaí don fhostaíocht nó printíseacht.<br>• Athbhreithniú ar na seirbhísí IAT. |
| 8. Foilseacháin chuí, i bhformáidí áisiúla, a leagan amach agus a ullmhú do na daltaí agus do na tuismitheoirí, ina mínítear an córas dámhachtana, an comhlacht dámhachtana, an measúnú a dhéantar agus a mbíonn le sásamh chun an dámhachtain a ghnóthú agus na roghanna atá ar fáil maidir le céim eile chun cinn tar éis na dámhachtana. | • Rinneadh Lámhleabhar nua d'Fhoghlaimeoirí BOO Chiarraí a ullmhú i rith na bliana 2019 i gcomhréir leis na socruithe nua maidir le dearbhú cáilíochta.<br>• Ullmhaíodh bróisiúr BDF agus lámhleabhar eolais.<br>• Foilsíodh Eolaire cuimsitheach maidir leis na Cúrsaí BO&O mar áis don phobal agus do ghníomhaireachtaí. |

**Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

*Fócas: Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Leanúint de chláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a chur ar fáil chun soláthar do na riachtanais a thugtar chun aire tríd an bpróiseas maidir le bainistíocht feidhmíochta. | • Eagraíodh Cúrsa Bainistíochta i nGaeilge i mí Meithimh.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne ar fad faoi oiliúint rialachais mar gheall ar an gCód Rialachais.<br>• D'fhreastail na Bainisteoirí Líne ar fad an Lá Inseirbhíse Bliantúil do Bhainisteoirí Líne.<br>• Cruinnithe bainistíochta inmheánacha go leanúnach rialta i.e. Bainisteoirí Sinsearacha Feidhmiúcháin, Bainistíocht BO&O, Fóram BO&O etc.<br>• Athbhreithniú leanúnach maidir le fóraim cruinnithe.<br>• Cruinnithe foirne, seisiúin maoirseachta, cothabháil foirne, cruinnithe curaclaim, cruinnithe meithle cúraim, cruinnithe laethúla mionfhaisnéise ar chuid de na modhanna in úsáid chun treisiú leis an mbainistíocht líne.<br>• Chuaigh an Bhainistíocht Líne faoi Oilúint Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta, Pleananna Feabhsúcháin agus Córas Lorgaireachta Bainistíochta i bhfeidhm maidir le gach Ionad BO&O. |
| 4. Leanúint de bhonn a choimeád faoin scéim leas foirne agus cuidiú le deiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist ag an lucht foirne. | • Rinneadh suirbhé maidir le cúrsaí folláine ar fud cholún BO&O.<br>• Cuireadh an lucht foirne ar an eolas faoi scéim leasa na foirne, Inspire Workplaces Service.<br>• Cuireadh fógraí ar chlár fógraí na foirne, seoladh teachtaireachtaí ríomhphoist maidir le cúrsaí oiliúna agus scaipeadh eolas faoi dheiseanna poist taobh istigh de BOO Chiarraí.<br>• Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar bun agus in úsáid ag baill na foirne |

5. Leanúint de chláir agus de straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun dea-shláinte meabhrach a chothú i measc na ndaltaí, na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne.

- Eagraíodh Lá Foirne an BO&O ar mhaithe le córas tacaíochta agus comhair don lucht foirne/bainistíochta.
- Cuireann Ionaid Foghlama Oscailte i gColáistí BO&O agus Meithle Cúraim in Ionaid BO&O bonn treise faoi shláinte meabhrach agus forbairt uilechuimsitheach na bhfoghlaimeoirí.
- Ghlac foireann BO&O páirt i seisiúin oiliúna maidir leis an tsláinte meabhrach agus cúrsaí folláine.
- Eagraíodh imeachtaí maidir le cúrsaí folláine in Ionaid BO&O.
- Comhairleoireacht siceolaíochta ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar mian leo cúnamh a bheith acu.
- Seirbhís comhairleoireachta ar fáil ag an uile ball foirne.
- Chuir SDOG an tionscnamh Amber Flag de chuid Pieta House chun cinn.

7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir leis na cláir.

- Cruthaíodh córas nua maidir le beartaíocht FGL agus Tuairiscí FGL a chur faoi bhráid agus a choimeád i dtaisce.
- Cuireadh tús le forbairt ghairmiúil FCT i rith na bliana 2019.
- Cuireadh oiliúint maidir le MS OneNote agus MS Teams a úsáid ar fáil don Aonad QA
- Cairt ar a léirítear na bearta oiliúna a tairgíodh agus a thapaigh teagascóirí BO&O:

| Limistéar Tosaíochta i ndáil le Forbairt Ghairmiúil | Líon Ball Foirne BO&O Mar a bhí á thuar | Líon Ball Foirne BO&O Mar a tharla* | Líon Uaireanta a Chloig ag Baill Foirne |
|---|---|---|---|
| Forfheabhsú Scileanna Gairmoidis | 49 | 336 | 1,437 |
| Oiliúint Bainistíochta | 239 | 234 | 1,306 |
| Oibriú/Cuidiú le Foghlaimeoirí Fásta | 537 | 174 | 699 |
| Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta | 298 | 152 | 703.5 |
| Dearbhú Cáilíochta | 581 | 190 | 552 |
| TEC | 33 | 64 | 100 |
| Caidreamh le lucht Fiontraíochta | 60 | 1 | 21 |
| **IOMLÁN** | **1,797** | **1,151** | **4,825** |

8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil, go mbíonn gach foirgneamh de chuid an bhoird oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

- Córas Bainistíochta nua maidir le Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteacht ar bun.
- Leasaíodh na Cláir Baoil

9. Tús áite a thabhairt do thionscadail caipitil/ tógála a chuidíonn le comhtháthú breise maidir le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna a chur ar fáil.

- Chuir BOO Chiarraí ceithre ionad Youthreach ar bun i dTrá Lí, Lios Tuathail agus Cill Airne.
- Osclaíodh Campas Choláiste Chiarraí ar Shráid Deiní go hoifigiúil.
- Cuireadh tús leis an obair thógála ar Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí.
- Cuireadh tús leis an obair thógála ar Choláiste Scéimhe Chiarraí

* Tugtar san áireamh leis an bhfigiúr seo baill foirne a d'fhreastail níos mó ná imeacht oiliúna amháin i.e. cúrsa inseirbhíse, ceardlann, comhdháil, maille leis an c.200 de bhaill foirne BO&O a d'fhreastail Lá Foirne BO&O 2019.

CUID 5

# *Ráiteas faoi Sheirbhísí – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta*

# *Ráiteas faoi Sheirbhís – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta*

Ba ghnóthach an bhliain 2019 ag BOO Chiarraí le hathruithe ar an bhfoireann, atheagar agus riachtanais breise maidir le seirbhísí a chur ar fáil. Cód nua an comhthéacs maidir leis an mbliain ar fad. Tháinig an Cód Cleachtais maidir le Rialachas BOO (CL 0002/2019) i bhfeidhm ag deireadh mí Eanáir 2019. Tá béim faoin gCód ar a chinntiú go mbíonn socruithe rialachais ar bun atá daingean éifeachtúil agus léargas ar a n-éifeacht ar fáil ó thuairisceoireacht atá bunaithe ar fhianaise. D'fhonn a thabhairt gur féidir le BOO Chiarraí riachtanais an Chóid nua a shásamh, cuireadh Aonad Comhlíontais ar bun lena mbaineann Téarmaí agus Coinníollacha aontaithe. Feidhmeoidh an tAonad sin neamhspleách ar Ranna na Ceannoifige, ar Scoileanna agus ar Ionaid i mbun athbhreithniú, leasú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnáis oibre agus ar bhearta rialála inmheánacha ionas go mbíonn bonn daingean faoi chaighdeáin an Chóid nua a thabhairt i gcrích de réir mheon an Chóid chéanna.

*Maria Brennan*
*Stiúrthóir, Tacaíocht agus Forbairt Eagraíocht*

## An Roinn Airgeadais

Tá d'aidhm leis an bhfeidhm Airgeadais cúnamh taca a thabhairt don Bhord maidir leis na haidhmeanna a leagtar amach sa Litir Cinnidh ón ROS, sa litir leithroinnte ó SOLAS agus i bhfoinsí eile a bhaint amach de réir an bhuiséid. An ROS den chuid is mó a dhéanann maoiniú ar BOO Chiarraí i ndáil leis an soláthar Bunscolaíochta agus Iarbhunscolaíochta agus SOLAS agus an ROS a dhéanann an maoiniú maidir le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna.

Tá foilsiú na ráiteas airgeadais ar na príomhbhealaí inar féidir le BOO Chiarraí an chuntasacht phoiblí a chur in iúl. Tá an Roinn Airgeadais freagrach as cuntais an BOO a choimeád agus as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú. Ní mór na ráitis airgeadais a bheith sa chaoi is go sásaítear an reachtaíocht, na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus na treoirlínte ar fad de chuid an ROS a bhaineann le hábhar. Tá dlite ar BOO Chiarraí na ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 1 Aibreán gach bliain. Tagann BOO Chiarraí faoi réir iniúchóireacht á dhéanamh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánach (AII-BOO) freisin.

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna na Roinne Airgeadais Bainistíocht Iniúchóireachta, Tuairisceoireacht Airgeadais, Creidiúnaithe, Párolla, Bainistíocht Cistíochta, Bainistíocht i ndáil le Sócmhainní Seasta, Anailís ar Chaiteachas agus Soláthar.

## Ar éirigh leis an Roinn Airgeadais a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2019 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Cuireadh oiliúint i gcúrsaí rialachais ar oifigigh airgeadais sinsearacha i gcomhréir leis an gCód Rialachais.<br>• Freastalaíodh ar oiliúint i gcúrsaí Sláinte & Sábháilteachta.<br>• Oiliúint bhliantúil Inseirbhíse do Bhainisteoirí Sinsearacha lena mbaineann cion tairbhe ón gCeannasaí Airgeadais.<br>• Cruinnithe bainistíochta inmheánacha go rialta leanúnach i.e. Airgeadas Inmheánach, Bainistíocht Feidhmiúcháin Sinsearach.<br>• Cruinnithe rialta roinne mar bhonn treise faoi obair an lucht foirne. |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**

*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | • Rinneadh athbhreithniú i rith na bliana 2019 ar struchtúr eagair na Roinne Airgeadais i ndáil le hathrú ar riachtanais agus ar bhearta príomhthábhachta na heagraíochta.<br>• Ceapadh Maor na bhFoirne Íocaíochta ar bhonn foirmeálta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhFoireann Párolla agus ar an bhFoireann Creidiúnaithe agus cuireadh pleananna ar bun chun leathnú le réimsí eolais an lucht foirne maidir leis na réimsí sin ionas go gcinntítear eolas i gcomhar ar leibhéal níos airde san am atá romhainn.<br>• Rinne an Roinn Airgeadais cion tairbhe maidir leis an bPlean Bliantúil Seirbhíse agus leis an Tuarascáil Bhliantúil.<br>• Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla trína gcuirtear in iúl feidhmíocht airgeadais an BOO.<br>• Eisíodh Buiséid Mhíosúla leis na Scoileanna ar fad agus eagraíodh Cruinnithe Airgeadais Inmheánacha leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an lucht Stiúrthóireachta agus le Príomhoidí na Scoileanna d'fhonn torthaí feidhmíochta a chur in iúl.<br>• Thosaigh an tOifigeach Soláthair ar cháipéisí treorach a dhréachtadh i ndáil leis an úsáid as OGP agus Creatchonarthaí reatha a sheoltar chuig gach Bainisteoir Líne de réir mar a thagann Creatchórais i bhfeidhm. |
| 2. Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar chórais agus ar phróisis chun cur le héifeachtúlacht na heagraíochta agus leis an gcumarsáid a dhéantar leis na geallsealbhóirí go léir. | • Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras rialachais inmheánach de réir athruithe ar choinníollacha na hearnála agus CL 0002/2019.<br>• Ceapadh Oifigeach Soláthair faoi leith ar bhonn foirmeálta i rith na bliana 2019 ar tháinig tuiscint níos glinne ar choinníollacha soláthair ar fud na scéime dá bharr.<br>• Tugadh chun críche fuílleach na ngníomhartha faoin bPlean Soláthair Corparáide 2018-19. |

| | |
|---|---|
| | • Tugadh chun críche an anailís caiteachais d'fhonn an Plean Soláthair Corparáide 2020 a leagan amach.<br>• Díríodh ar ghnéithe airgeadais maidir le hathrú go dtí soláthar díreach i ndáil le Clár Youthreach, lucht foirne Youthreach a thabhairt isteach san áireamh.<br>• Glacadh leis an gcúram maoirseachta maidir le gnóthaí airgeadais dhá Phobalscoil Náisiúnta nua a tugadh faoi choimirce BOO Chiarraí i rith Ráithe 4 2019.<br>• Leagadh amach gnáis oibre maidir le haon chás neamhchomhlíontais a thabhairt chun suntais agus a chur ina cheart. |
| 6. Na córais faisnéise bainistíochta a fheabhsú ionas go soláthraítear sonraí reatha atá ábhartha cruinn ar fud na heagraíochta, ar mhaithe le feabhas maidir leis an bpleanáil, leis an soláthar seirbhísí agus le straitéis na heagraíochta a thabhairt i bhfeidhm. | • Cuireadh córas i bhfeidhm i rith na bliana 2019 maidir le hanailís ar an gcaiteachas ionas gur tráthúla agus gur cruinne an fhaisnéis a bhíonn ar fáil faoi chatagóirí caiteachais agus faoi íocaíochtaí le soláthraithe.<br>• Tá de thoradh ar chóras éilimh ar líne a thabhairt i bhfeidhm ar fud na scéime go mbíonn sonraí tráthchruinne ar fáil ag lucht bainistíochta an BOO.<br>• Leanadh de Chártaí Ceannacháin a thabhairt i bhfeidhm le sonraí tráthchruinne faoin gcaiteachas ar fáil trí Chóras Bainistíochta Faisnéise an Bhainc ar líne.<br>• Leanadh den athbhreithniú maidir leis an mBainistíocht ar Shócmhainní Seasta.<br>• I rith na bliana 2019, tugadh dátaí íocaíochta an uile bhall den fhoireann leis na dátaí íocaíochta a bheidh in úsáid ag Comharsheirbhísí Párolla ESBS. |
| 8. Cultúr a chothú lena ngabhann feabhsú leanúnach agus nós athmhachnaimh. | • Tugadh i bhfeidhm córas éilimh ar líne maidir le Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile.<br>• Tugadh faoi chuid mhór den obair ullmhúcháin maidir le córas éilimh ar líne a thabhairt i bhfeidhm i ndáil leis na scoileanna agus na cláir eile (Óige Ildánach, Music Generation etc.) i rith na bliana 2019 d'fhonn a thabhairt chun cinn i rith na bliana 2020.<br>• Cuireadh bailchríoch ar pholasaithe agus ar ghnáis oibre éagsúla chomh maith le hathbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar pholasaithe reatha mar gheall ar aiseolas agus ar lón taithí.<br>• Chuir an Roinn Airgeadais oiliúint agus buneolas tosaigh ar fáil don uile bhall foirne nua bainistíochta ar bhonn bliantúil. |

## Roinn Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC)

Cuireann an Roinn TEC forbairt infreastruchtúir agus cúnamh teicniúil ar fáil do Cheannoifig BOO Chiarraí chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar an gconradh maidir le cúnamh teicniúil do na scoileanna ar fad agus na hionaid BO&O a thagann faoi scáth BOO Chiarraí.

Déanann an Roinn freisin soláthar do na réimsí seo a leanas:

- córais faisnéise bhainistíocht BOO Chiarraí leis na comhlachtaí tacaíochta éagsúla.
- seift amháin maidir le córas Microsoft Office 365 don eagraíocht ar fad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena mbaineann suíomh SharePoint maidir le polasaithe uile na heagraíochta.
- seifteanna éagsúla maidir le córas Microsoft Office 365 a thabhairt chun cinn i ndáil le scoileanna agus BO&O.
- Córas ríomhphoist faoi leith don Cheannoifig a choinneáil ar bun.
- Gach earra maidir le trealamh TEC ar fud na scéime a cheannach ionas go gcinntítear na rialacha agus na rialúcháin maidir le cúrsaí soláthair a chomhlíonadh.
- Bainistíocht ar infreastruchtúr lárnaithe maidir le gléasra cumarsáide so-iompair.
- Suíomh idirlín lárnach BOO Chiarraí.

## Ar éirigh leis an Roinn TEC a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2019 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 5. Teicneolaíocht de chineálacha nua atá ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh chun cur le caighdeán an teagaisc agus na foghlama. | • Bhí ról buntábhachtach againn i Straitéis TEC BOO Chiarraí 2019-2022 a leagan amach.<br>• Cuireadh tús leis an bpleanáil maidir le Scéim Ceannacháin do Mhúinteoirí i scoileanna iarbhunscolaíochta i ndáil le deiseanna trealaimh. Beidh an scéim sin á tabhairt i bhfeidhm go ceann na dtrí bliana seo romhainn.<br>• Ceannaíodh luach c.€636,000 de chrua-earraí agus de bhogearraí do na scoileanna agus do na hionaid.<br>• Rinneadh pleanáil agus bainistíocht maidir le gnéithe infreastruchtúir in ionaid nua, iad seo a leanas ina measc:<br>» Youthreach, Cill Airne<br>» Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí<br>» Coláiste Scéimhe Chiarraí.<br>» Rinneadh pleanáil agus bainistíocht maidir le haistriú ghnéithe infreastruchtúir as BDF Lios Tuathail go dtí an Butler Centre<br>• Cuireadh RFQ agus plean le chéile maidir le trealamh seanchaite a dhiúscairt go sábháilte as scoileanna agus ionaid uile BOO Chiarraí.<br>• Rinneadh cóiriú agus bainistíocht maidir le córais nua baincéireachta a bhfuil deis criptiúcháin ag gabháil leo.<br>• Cuireadh oiliúint tosaigh maidir le húsáid Office 365 agus SharePoint Pholasaithe BOO Chiarraí ar fáil d'ionaid nua Youthreach |
| 9. A chinntiú gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte nua aimseartha. | • Tugadh cúnamh taca maidir leis an obair chothabhála ar na crua-earraí agus ar an trealamh TEC ar fad ar fud na scéime.<br>• Athbhreithniú leanúnach ar ghnáis na heagraíochta ionas go gcinntítear na córais TEC a choinneáil slán.<br>• Cuireadh Polasaí Pasfhocail nua i bhfeidhm i ndáil le gléasra TEC sna Scoileanna agus sna hIonaid.<br>• Bhíothas páirteach sa phróiseas maidir le hanailís ar an gcaiteachas TEC. |

**Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Cuireadh creatchóras nua maidir le fón póca i bhfeidhm don lucht foirne, aistriú bhaill foirne ón seanchóras go dtí an córas nua san áireamh. |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**

*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumarsáid inmheánach faoi láthair agus straitéis chomhleanúnach a leagan amach don chumarsáid go hinmheánach trína ndéantar na spriocanna straitéise a chur in iúl, soiléiriú a thabhairt maidir le struchtúir, róil agus réimsí freagrachta ar leibhéil uile na heagraíochta agus aird a dhiriú ar na próisis cinnteoireachta. | • Leanadh den fhorbairt i rith na bliana 2019 ar shuíomh SharePoint pholasaithe reatha BOO Chiarraí d'fhonn treisiú le húsáid fhorleitheadach as Cáipéisí Polasaithe a scaipeadh agus le forbairt agus athdhearadh ar réimsí faoi leith chun freastal do riachtanais na foirne.<br>• Cuireadh cáipéis RFQ le chéile maidir le hathdhearadh, arna dhéanamh ag conraitheoir seachtrach, ar an suíomh SharePoint do pholasaithe.<br>• Baineadh leas as córais chun an luach is fearr ar an airgead a bhaint amach i ndáil le Trealamh TEC a cheannach do na scoileanna agus do na hionaid.<br>• Cuireadh córais le chéile chun an luach is fearr ar an airgead a bhaint amach i réimsí inar tugadh faoi deara gá leis sin. |
| 4. An cumas agus an inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Cuireadh oiliúint i gcúrsaí rialachais ar fáil don fhoireann Sinsearach TEC i gcomhréir leis an gCód Rialachais.<br>• Freastalaíodh ar chúrsa oiliúna maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.<br>• Oiliúint Inseirbhíse Bhliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil don lucht bainistíocha sinsearach ar fad ar fud na scéim maidir le SharePoint Polasaithe, ceannachán TEC etc.<br>• Cruinnithe bainistíochta inmheánacha go rialta leanúnach. |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár gcuid seibhísí, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár gcuid geallsealbhóirí go léir.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 2. Feidhm cumarsáide faoi leith a chur ar bun laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar mhaithe le forfheabhsú ar an gcumarsáid inmheánach agus ar an gcumarsáid sheachtrach. | • Cuireadh cáipéis RFQ le chéile maidir le hathdhearadh ar an suíomh SharePoint inmheánach.<br>• Cruthaíodh eintitis nua Office 365 maidir le hinfreastruchtúr cumarsáide do Choláiste Chiarraí, do Phobalscoil Náisiúnta Thathuile agus do Phobalscoil Náisiúnta Scoil an Ghleanna. |
| 9. An cur chuige forghinearálta maidir leis an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú | • Eisíodh cuntas agus ceadúnais Office 365 le gach ball foirne.<br>• Coinníodh córas ríomhphoist na Ceannoifige i gcaoi mhaith |

**Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

*Fócas: Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil, go mbíonn gach foirgneamh de chuid an bhoird oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | • Rinneadh athbhreithniú ar struchtúir líonraí agus ar phróifílí TEC ar fud na Scoileanna agus na nIonad go léir.<br>• Cuireadh tús leis an bpleanáil maidir le haon chonradh lárnaithe amháin i ndáil le cúnamh teicniúil ar fud shuíomhanna uile BOO Chiarraí. |

## An Roinn Acmhainní Daonna (AD)

Áirítear Earcaíocht agus Roghnú, Riarachán Pá, Cúrsaí Aoisliúntais, Seirbhísí Fostaíochta, Pleanáil Acmhainní, Bainistíocht Tinrimh ar na príomhfheidhmeanna a leagtar ar an Roinn AD. Bíonn isteach is amach le 1,100 duine fostaithe ag BOO Chiarraí. Bíonn na baill foirne sin fostaithe in ionaid ar fud an Chontae (tuairim is 36 Ionad de chuid BOO Chiarraí agus líon is mó ná 100 Ionad Seachtrach agus roinnt lena chois sin trí chomhoibriú le hEagraíochtaí eile). Déantar an lucht foirne a fhostú ar fud 33 aicme fostaíochta (14 ar an bpárolla míosa agus 19 ar an bpárolla coicíse). Íoctar baill foirne de réir 61 scála pá éagsúil lena ngabhann Téarmaí agus Coinníollacha iomadúla.

## Ar éirigh leis an Roinn AD a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2018 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 3: Bearta Nuálacha Oideachais agus Oiliúna**

*Fócas: Seifteanna agus bearta den nuáil agus den chruthaitheacht a fhorbairt chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha atá ag daoine óga agus ag daoine fásta i sochaí atá faoi shíorathrú.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Freagairt go leanúnach d'athrú déimeagrafaíochta i gCiarraí agus an soláthar seirbhísí a phleanáil dá réir sin chomh mór agus is féidir. | • Cuireadh gnáis earcaíochta AD i bhfeidhm go héifeachtúil i ndáil le tionscnaimh reatha agus tionscnaimh nua.<br>• Próisis Earcaíochta agus Roghnúcháin maidir le c.146 ball foirne a cheapadh ar fud Chontae Chiarraí i rith na bliana 2019.<br>• Cuireadh córas fógraí inmheánacha do bhaill na foirne i bhfeidhm i ndáil le gach post a fhógraítear.<br>• Cruinnithe maidir le pleanáil curaclaim i mí Feabhra/Márta.<br>• Caidreamh leis an lucht foirne a bhí ag aistriú go dtí BOO Chiarraí leis na Pobalscoileanna Náisiúnta nua i dTathuile agus sa Ghleann. |

**Sprioc 5: Comhpháirtíocht Bhisiúil a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtaí nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Leanúint den dlúthobair i gcomhar le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | • Leanadh den chomhairliúchán leis na ceardchumainn go léir, TUI, Forsa Lucht Riaracháin, Forsa CRS, SIPTU agus an ASTI, i ndáil le polasaithe, gnáis oibre agus ceisteanna maidir leis an gcaidreamh fostaíochta.<br>• Comhfhóraim Comhairliúcháin in éineacht leis an TUI (3), Forsa CRS (3) agus Forsa Lucht Riaracháin (4).<br>• Cruinnithe le SIPTU (1) de réir mar ba ghá.<br>• Comhairliúchán leis an ASTI de réir mar ba ghá. |

**Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Rinneadh Polasaí agus Gnás Oibre BOO Chiarraí maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach. · Rinneadh athbhreithniú agus próiseáil ar na hiarratais FGL ar fad maidir le Dámhachtana Ardleibhéil (Leibhéil6-10). Ceadaíodh na cúrsaí seo a leanas:<br>» BSC (Onór.) Bainistíocht Tionscadail Tógála Leibhéal 8<br>» Cúrsa Deimhnithe ICC i nGnóthaí Cosaint Sonraí<br>» Teastas in Oiliúint agus sa Bhreisoideachas Leibhéal 7<br>» Teastas i Rialachas Corparáide Leibhéal 9<br>• An caidreamh fostaíochta: comhairle agus cúnamh taca do bhainisteoirí agus do bhaill foirne maidir le déileáil le ceisteanna a bhaineann leis an gcaidreamh san ionad oibre.<br>• Cuireadh Clár Cuimsitheach Ionduchtúcháin ar fáil do bhaill foirne Youthreach tar éis athrú go dtí soláthar díreach maidir leis an gclár sin.<br>• An próiseas aistriúcháin TFO ar bun agus bainistíocht ar bhonn straitéise á dhéanamh i ndáil lena dtagann i gceist don phleanáil lucht foirne. |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**

*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumarsáid inmheánach faoi láthair agus straitéis chomhleanúnach a leagan amach don chumarsáid go hinmheánach trína ndéantar na spriocanna straitéise a chur in iúl, soiléiriú a thabhairt maidir le struchtúir, róil agus réimsí freagrachta ar leibhéil uile na heagraíochta agus aird a dhiriú ar na próisis cinnteoireachta. | • Leasaíodh an chairt eagrúcháin d'fhonn rólanna nua bainistíochta agus athruithe ar an gcóras eagair a thabhairt san áireamh.<br>• Cuireadh ábhar ar fáil maidir le Maitrís Údaráis BOO Chiarraí a leagan amach.<br>• Rinne an Roinn AD cion tairbhe maidir leis an bPlean Bliantúil Seirbhíse agus leis an Tuarascáil Bhliantúil |
| 3. Athbhreithniú a dhéanamh ar na gnáis agus na polasaithe reatha maidir le hacmhainní daonna agus feabhas breise a thabhairt i gcrích i ndáil le riachtanais straitéiseacha Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. | • Leanadh den obair ullmhúcháin is gá chun a chinntiú go mbíonn na córais chuí ar bun ag BOO Chiarraí chun freastal do na feidhmeanna AD a choinníonn an BOO an tráth céanna a soirbhítear d'fheidhm Párolla ESBS san am atá romhainn.<br>• Bhíothas páirteach i ngrúpa oibre BOO/BOOÉ maidir le cáipéis aontaithe a leagan amach maidir le teidlíochtaí laethanta saoire le húsáid ar fud na mBOO ar fad.<br>• Tosaíodh ar chomhadú leictreonach a thabhairt isteach.<br>• Tugadh i bhfeidhm córas leictreonach maidir le conarthaí agus éilimh ar líne do Choláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile Roll.<br>• Idirchaidreamh leis an lucht foirne a bhí ag aistriú go dtí BOO Chiarraí le Pobalscoileanna Náisiúnta.<br>• Feachtas earcaíochta den rath maidir le riachtanais breise foirne sna Pobalscoileanna Náisiúnta ar a n-aistriú anall faoi scáth an BOO. |

| | |
|---|---|
| 4. An cumas agus an inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Cuireadh ceardlann AD ar siúl mar chuid den Lá Inseirbhíse Bliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Leanadh de chlár cuimsitheach ionduchtúcháin a chur ar fáil do bhaill foirne (inmheánacha agus seachtracha) ar a gceapadh i bpost sinsearacha bainistíochta.<br>• Cuireadh próiseas ionduchtúcháin struchtúrtha ar fáil do na baill nua den fhoireann.<br>• Rinneadh Polasaí agus Gnás Oibre FGL a leagan amach maidir le baill foirne ag cur isteach ar Dhámhachtana Ardleibhéil ar Leibhéal 6-10.<br>• Freastal go rialta ar chruinnithe bainistíochta chun tuairiscí ábhartha maidir le cúrsaí AD a chur i láthair i.e. cruinnithe an lucht Stiúrthóireachta, cruinnithe na bPríomhoidí etc.<br>• Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gCóras Rialála Inmheánach maidir le AD. |
| 5. Cur leis an gcumas pleanála maidir le hacmhainní agus leis an gcumas bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfear leas as oiliúint agus as forbairt ghairmiúil leanúnach agus as struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí. | • Cuireadh gnáis earcaíochta AD i bhfeidhm go héifeachtúil i ndáil le tionscnaimh reatha agus tionscnaimh nua<br>• Cruinnithe maidir le pleanáil curaclaim i mí Feabhra/Márta.<br>• Córas faisnéise bunaithe ar néalríomhaireacht ar bun maidir leis an mbainistíocht ar Youthreach agus SDOG.<br>• Bainistíocht i ndáil le conarthaí do bhaill foirne i ngach catagóir, téarmaí agus coinníollacha ceapacháin, comhaontuithe náisiúnta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm etc.<br>• Bainistíocht ar na scéimeanna pinsin éagsúla atá i bhfeidhm.<br>• Leasaíodh Cláir Baoil AD. |
| 7. Leanúint d'inniúlacht straitéiseach an Bhoird agus na gcoistí gaolmhara maidir le cúrsaí comhlíontais agus rialachais a thabhairt chun cinn. | • Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an gCód Iompair don fhoireann ar fad i gcomhréir leis an gCód Rialachais leasaithe.<br>• Ceapadh oifigeach de Ghrád V i ndáil le cúrsaí rialachais.<br>• Cuireadh aonad comhlíontais ar bun. |
| 8. Cultúr a chothú lena ngabhann feabhsú leanúnach agus nós athmhachnaimh. | • Forbairt leanúnach ar Pholasaithe agus ar Ghnáis Oibre i gcomhar le Ranna eile d'fhonn cur leis na Polasaithe agus Gnáis Oibre AD reatha<br>• Suirbhé ÚSS maidir le hObair Thairbheach don Fholláine ar fud cholúin éagsúla BOO Chiarraí<br>• Cuireadh Coistí Folláine san Ionad Oibre ar bun i ndáil le gach Colún faoi leith d'fhonn bearta a d'eascair ón suirbhé a chur i bhfeidhm.<br>• Tosaíodh ar Nuachtlitir Folláine a chur amach gach ráithe.<br>• Leanadh den Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn don lucht foirne. |

| **Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**<br>*Fócas: Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 1. An creidiúnú 'Sársheirbhís ó Shárfhostaithe' a bhaint amach ar fud na heagraíochta | • Leanadh de Pholasaithe agus de Ghnáis Oibre AD a leagan amach ina dtugtar ról an Bhainisteoir Líne chun suntais.<br>• Rinneadh Polasaí agus Gnás Oibre FGL a leagan amach maidir le baill foirne ag cur isteach ar Dhámhachtana Ardleibhéil ar Leibhéal 6-10.<br>• Polasaithe AD ar bun d'fhonn foráil d'fholláine gach duine den fhoireann.<br>• Baineadh úsáid as Deis an ÚSS maidir le hObair Thairbheach chun siocracha struis sa láthair oibre, folláine shíceolaíochta na bhfostaithe agus nochtadh d'eachtraí géarchúiseacha san ionad oibre a mheas i ndáil le gach colún.<br>• Cumarsáid agus comharobair leis an bhfoireann i ndáil le torthaí na suirbhéireachta le Deis an ÚSS maidir le hObair Thairbheach.<br>• Cuireadh próiseas ionduchtúcháin de réir córais ar fáil don uile bhall nua foirne.<br>• Rinneadh breithmheas ar gach beart oiliúna a cuireadh ar fáil.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an gcur síos ar gach post sular fógraíodh é ionas gur cinntíodh aidhmeanna na heagraíochta á dtabhairt i gcrích go héifeachtúil. |
| 2. Athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh lena ndíreofar ar pholasaithe, ar chórais agus ar rólanna ionas go gcinntítear iad a bheith ag teacht go maith le straitéis oideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí | • Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an gCód Iompair don fhoireann ar fad i gcomhréir leis an gCód Rialachais leasaithe.<br>• Leasaíodh an chairt eagrúcháin don bhainistíocht. |
| 3. Leanúint de chláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a chur ar fáil chun soláthar do na riachtanais a thugtar chun aire tríd an bpróiseas maidir le bainistíocht feidhmíochta | • Rinneadh Polasaí agus Gnás Oibre FGL a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le hAgallaimh bunaithe ar Inniúlacht ar fáil don fhoireann riaracháin.<br>• Cuireadh ceardlann AD ar siúl mar chuid den Lá Inseirbhíse Bliantúil maidir le Bainistíocht Líne.<br>• Socraíodh oiliúint maidir le Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí do na baill foirne lena mbaineann.<br>• Rannpháirtíocht san oiliúint maidir le conarthaí leictreonacha a thabhairt i bhfeidhm. |
| 4. Leanúint de chuidiú le scéim leasa na foirne agus le deiseanna a chothú maidir le forbairt ghairme agus aistriú poist. | • Suirbhé ÚSS maidir le hObair Fabhrach don Fholláine ar fud cholúin éagsúla BOO Chiarraí<br>• Tosaíodh ar Nuachtlitir Folláine a chur amach gach ráithe.<br>• Leanadh den Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn don ucht foirne.<br>• Cuireadh Daoine Caidrimh Ainmnithe a bheith ar fáil chun cinn ar bhonn leanúnach.<br>• Cuireadh oiliúint maidir le hAgallaimh bunaithe ar Inniúlacht ar fáil don fhoireann riaracháin.<br>• Córas fógraí inmheánacha do bhaill na foirne i ndáil le gach post a fhógraítear. |
| 5. Leanúint de chláir agus de straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun dea-shláinte meabhrach a chothú i measc na ndaltaí, na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne. | • Cuireadh Coistí Folláine san Ionad Oibre ar bun i ndáil le gach Colún faoi leith.<br>• Bolscaireacht maidir le bearta cúnta atá ar fáil ó AD, an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, Mol Cúnaimh Spreagtha, agus acmhainní eile |
| 7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir leis na cláir. | • Rinneadh Polasaí agus Gnás Oibre FGL a leagan amach agus a chur i bhfeidhm. |

## An Roinn Seirbhísí Corparáide agus Forbraíochta Caipitil (SC&FC)

Tá maoirseacht agus bainistíocht ar Thograí Caipitil; comhlíonadh na Reachtaíochta, GDPR, Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Nochtadh Cosanta san áireamh; maoirseacht maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta; riarachán maidir le cúrsaí Árachais agus cúnamh riaracháin don Choiste Iniúchóireachta agus don Choiste Airgeadais ar na príomhréimsí freagrachta a leagtar ar an Roinn Seirbhísí Corparáide agus Forbraíochta Caipitil.

Tá ar cheann de phríomhchuspóirí na Roinne a chinntiú, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige, go mbíonn gach foirgneamh de chuid an Bhoird oiriúnach don tseirbhís a chuirtear ar fáil ann agus go mbaineann BOO Chiarraí an leas is fearr is féidir as na háiseanna atá ar fáil. Áirítear na príomhchuspóirí eile a chinntiú go bhfeidhmíonn BOO Chiarraí i gcomhréir leis an reachtaíocht maidir leis na réimsí thuasluaite.

## Ar éirigh leis an Roinn SC&FC a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2019 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán**

*Fócas: Feabhas leanúnach a chur ar an acmhainn teagaisc agus foghlama agus cultúr a chur chun cinn lena mbaineann feabhas leanúnach agus foghlaim eagraíochta ionas go mbíonn muinín ag gach geallsealbhóir as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 9. A chinntiú gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte nua aimseartha | • Obair ar bun maidir le c. 30 togra d'fhonn a chinntiú gur timpeallacht sábháilte nua-aimseartha foghlama gach scoil/ionad/oifig. Áirítear<br>» 2 thogra maidir le hobair thógála as an nua<br>» 30 Sruth oibre maidir le bearta athchóiriúcháin<br>» 7 dtogra maidir le Cóiríocht Bhreise<br>• Tugadh bearta buntábhachtacha i gcrích maidir leis na cláir oibre leanúnacha i ndáil le Sláinte agus Sábháilteacht. Measúnacht Baoil, Oiliúint, cúnamh agus treoir maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta á gcur ar fáil do scoileanna agus d'ionaid uile BOO Chiarraí.<br>• Reachtáladh Ceardlann Sláinte & Sábháilteachta i mí Deireadh Fómhair 2019 don Lucht Bainistíochta Sinsearach.<br>• Cuireadh an Polasaí maidir le Tuairisc ar Thionóiscí agus an modh oibre ina leith sin i bhfeidhm ar mhaithe le leas an dalta agus an fhoghlaimeora.<br>• Tugadh isteach Polasaí Tionóisce Pearsanta de chuid IPB Insurers. Pléitear go pras le gach éileamh dlisteanach leis an aird is ceart ar leas an dalta agus an fhoghlaimeora. |

**Sprioc 5: Comhpháirtíocht Bhisiúil a Fhorbairt**

*Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtai nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUCLS, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann | • Bhí caidreamh beo rialta ag an Roinn SC&FC leis an ROS i rith na bliana 2019 i ndáil leis na tograí tarmligthe seo a leanas. Baineann costas c. €20 milliún leis na tograí seo ar a n-áireamh in éineacht.<br>» Gaelcholáiste Nua Thrá Lí<br>» Scoil Náisiúnta Lios Teilic, Trá Lí<br>» Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéir, Cill Airne<br>• Bhí de chuspóir le ceardlann a heagraíodh i dTulach Mhór i mí na Nollag 2019 leis an bPríomh-Oifigeach, Tograí Tarmligthe agus le foireann an bhrainse sin sa Roinn Oideachais agus Scileanna go gcothófaí caidreamh oibre níos dlúithe arís leis an aonad.<br>• D'fhreastail baill d'fhoireann SC&FC ar fhóraim ábhartha BOOÉ, ar imeachtaí caidrimh agus eolais maidir le Saoráil Faisnéise, Cúnamh Taca Corparáide agus Tograí Caipitil |

| **Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**<br>*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | • Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach i rith na bliana 2019 ar chúrsaí Árachais maidir le gach réimse baoil, an fhoireann, daltaí, foghlaimeoirí, foirgnimh agus trealamh san áireamh. Rinneadh an gá le hárachas in aghaidh Cibearchoireachta a mheas agus aontaíodh le IPB árachas ina leith sin a thabhairt san áireamh le punann pholasaithe BOO Chiarraí sa bhliain 2020.<br>• Eagraíodh ceardlann i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fháilí i mí na Nollag 2019 leis an bPríomh-Oifigeach agus baill foirne aonad na dTograí Tarmligthe sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Bhí de chuspóir leis an gceardlann caidreamh oibre níos dlúithe arís a chothú leis an aonad. |
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Ar na hathruithe móra pearsanra i rith na bliana 2019, ceapadh Ceann Roinne nua, Oifigeach Foirgneamh nua agus cruthaíodh post riaracháin chun déileáil le cúrsaí Árachais agus le Grinnfhiosrú an Gharda Síochána maidir le daoine nach bhfuil ar an bhfoireann.<br>• Rinneadh athbhreithniú maidir le Róil agus Réimsí Freagrachta ar mhaithe le soiléire maidir le cuspóirí na Roinne.<br>• Moladh do na baill foirne ar fad na deiseanna forbartha agus oiliúna a thapú.<br>• Tugadh easnamh maidir le hoiliúint an lucht foirne chun suntais agus eagraíodh FGL maidir leis na réimsí seo a leanas:<br>» Oiliúint maidir le Cosaint Sonraí<br>» Bainistíocht ar Obair Thógála<br>» Oiliúint maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh SEAI. |

| **Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**<br>*Fócas: Forbairt agus feabhsú leanúnach ar na deiseanna oiliúna agus forbartha agus ar na háiseanna atá ar fáil don fhoireann ionas go bhfeabhsaítear an timpeallacht ina n-oibríonn baill na foirne agus ina bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 6. An úsáid is mó agus is fearr is féidir a bhaint as áiseanna BOO Chiarraí agus tabhairt faoi iniúchadh rialta maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ionas go mbíonn an timpeallacht oibre agus foghlama ar chaighdeán chomh maith agus is féidir. | **Sláinte agus Sábháilteacht:**<br>• Tugadh bearta buntábhachtacha i gcrích maidir leis na cláir oibre leanúnacha i ndáil le Sláinte agus Sábháilteacht. Measúnacht Baoil, oiliúint, cúnamh agus treoir maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta á gcur ar fáil do scoileanna agus d'ionaid uile BOO Chiarraí.<br>• Cuireadh an Polasaí maidir le Tuairisc ar Thionóiscí agus an modh oibre ina leith sin i bhfeidhm ar mhaithe le leas an dalta agus an fhoghlaimeora.<br>• Cuireadh acmhainní OneNote maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ar fáil do gach áis agus ionad.<br>**Cosaint Sonraí / Comhlíonadh an Rialachán GDPR**<br>• Cuireadh tús le Mapáil Sonraí i ndáil leis na Scoileanna ar fad (bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht).<br>• Cuireadh tús le Mapáil Sonraí i ndáil leis na hionaid BO&O ar fad.<br>• Cuireadh tús le Mapáil Sonraí i ndáil leis na feidhmeanna ar fad sa Cheannoifig.<br>• Cuireadh leis an tuiscint ar a mbaineann le Cosaint Sonraí ar fud na scéime trí bhearta oiliúna agus trí bhearta cumarsáide go tráthrialta.<br>• Leagadh amach clár oiliúna inmheánach sainchóirithe a chuirfear i bhfeidhm i rith na bliana 2020.<br>• Tosaíodh ar an obair maidir le dréacht de pholasaí a leagan amach maidir le hIarratas ó Ábhar Sonraí ar Shonraí ina leith. |

| | |
|---|---|
| 8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil, go mbíonn gach foirgneamh de chuid an bhoird oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil. | • Cuireadh tús le mórbhreithniú maidir le Bainistíocht Eastáit i rith na bliana 2019 ionas go gcinntítear gach léas agus socrú ceadúnais ar fud BOO Chiarraí cothrom le dáta agus go bhfuil BOO Chiarraí i gcomhréir leis na coinníollacha go léir faoin reachtaíocht.<br>• Fuair BOO Chiarraí cistí suntasacha sa bhliain 2019 le cur i leith Thograí Caipitil ar fud na Scéime (féach an liosta thíos maidir leis na tograí éagsúla).<br>• B'ionann an caiteachas foriomlán ar thograí caipitil agus ar fhoirgníocht i rith na bliana 2019 agus €3,168,790<br>• Cuidíodh le córais bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chur i bhfeidhm i ngach scoil/iona |
| 9. Tús áite a thabhairt do thionscadail caipitil/ tógála a chuidíonn le comhtháthú breise maidir le Cláir Breisoideachais agus Oiliúna a chur ar fáil. | • Áirítear ar na mórthograí BO&O ar leagadh béim orthu agus a tugadh i gcrích ó thús go deireadh na bliana 2019:<br>» Coláiste Chiarraí, Campas na Claise – Ardaitheoir<br>» Coláiste Theiripe Scéimhe Chiarraí<br>» Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí<br>» Youthreach, Cill Airne. Scéimh |

*Obair na bliana 2019 – Cuireadh na Tograí seo chun cinn i rith na bliana 201*

**1. Gaelcholáiste Nua Tra Li**
Tugadh an obair chun críche ar ullmhú an tsuímh d'obair thógála agus ar Ghlúineach a ghlanadh. Réitíodh ceisteanna maidir le bealach isteach ar an suíomh. Fuarthas cead pleanála. Sásaíodh coinníollacha uile na Roinne Oideachais agus Scileanna agus tá an Fhoireann Dearthóireachta i mbun oibre ar na céimeanna go léir

**2. Coláiste Gleann Li**
Tugadh an obair ar shíneadh leis an scoil chun críche agus d'oscail an tAire McHugh go hoifigiúil é i mí Bealtaine 2019.

**3. Coláiste na Ríochta**
Cóiríocht bhreise:
- Cuireadh foirgneamh réamhdhéanta ar an suíomh – Costas c. €27
- Cuireadh umar nua uisce isteach – Costas c. €28K.

**4. Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí (Tobar Mhaigh Dor)**
Obair Dheisiúcháin ar an Díon agus Díon Nua in áiteanna eile - Costas c. €272K

**5. OS an Tóchair**
Tugadh an obair maidir le trealamh Astú Deannaigh chun críche - Costas c. €57

**6. Coláiste na Sceilge**
Forfheabhsú ar chóras Aeraithe na scoile - Costas c. €85K.

**7. OS Oileán Chiarraí**
Obair dheisiúcháin maidir le sceitheadh uisce lasmuigh - Costas c. €10.8

**8. SN an Dá Mhílel**
Obair mhór athchóiriúcháin ar an Scoil - Costas c. €300

**9. Coláiste Theiripe Scéimhe Chiarraí**
Tugadh feistiú na cóiríochta chun críche - Costas c. €650

**10. Coláiste Chiarraí Admissions Office**
Tugadh feistiú na hoifige chun críche – Costas c. €250K.

**11. Coláiste Chiarraí, Bóthar na Claise**
Tugadh an obair maidir le hArdaitheoir a chur isteach chun críche – c. €45K

**12. SN Naomh Oilibhéir, Cill Airne, Co. Chiarra**
Togra leanúnach arna tharmligean ón ROS

**13. SN Lios Teilic, Trá Lí, Co. Chiarraí**
Togra leanúnach arna tharmligean ón ROS

## An Roinn Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (SBO&O)

Tá d'fheidhm leis an Roinn SBO&O cuidiú leis an Stiúrthóir T&FE a chinntiú go bhfuil bainistíocht chríochnúil á déanamh maidir le feidhmeanna agus acmhainní ar bhealach a thagann leis na coinníollacha faoin gCód Rialachais. Oibríonn an Roinn freisin ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil "an Comhaontú Cistíochta" á shásamh chomh maith leis na seirbhísí á gcur ar fáil a leagtar amach sa Litir Deontais ó SOLAS.

Cuidíonn an Roinn SBO&O leis an Stiúrthóir BO&O an Togra maidir le Tairiscint Cistíochta (FAR 4) a ullmhú gach bliain i ndáil le cistí don Bhreisoideachas & don Oiliúint chomh maith leis an athbhreithniú airgeadais leithbhliana agus athbhreithniú airgeadais mhí Deireadh Fómhair. Cuidítear chomh maith leis na Cuntais Chinn Bhliana a ullmhú i gcomhréir le Cáipéis Fhoréiseach Pharaiméadair Pleanála agus Cistíochta SOLAS. Déanann foireann na Roinne próiseáil ar íocaíochtaí le daoine atá ag dul faoi oiliúint, le foghlaimeoirí agus maidir le hoiliúint ar conradh.

Cuireann an Roinn cúnamh tacaíochta riaracháin ar fáil maidir le cláir pháirtaimseartha, BTEI, Litearthacht, Oideachas Pobail agus Ranganna Oíche Féinmhaoinithe.

Cuidíonn an Roinn leis an Stiúrthóir T&FE maidir le córais agus próisis níos fearr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cur le héifeachtúlacht na heagraíochta agus a chinntiú go mbíonn córais agus gnáis dhochta maidir le rialachas corparáide ar bun i gcomhréir leis an gCód Rialachais.

## Ar éirigh leis an Roinn SBO&O a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2019 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

**Sprioc 5: Comhpháirtíocht Bhisiúil a Fhorbairt**

***Fócas: Forbairt a dhéanamh ar chomhar páirtíochtai nua agus feabhas a chur ar an gcomhar páirtíochta reatha le comhlachtaí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn an acmhainn is mó a thabhairt i gcrích.***

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 2. Leanúint den dlúthobair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUCLS, le SOLAS, le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann. | • Bhíothas i gcaidreamh le hÚdarás Bainistíochta CSE d'fhonn comhlíonadh iomlán choinníollacha agus rialacháin tuairisceoireachta nua CSE a chinntiú.<br>• Tuairisc maidir leis na sonraí airgeadais ar fad a bhí de dhíth i leith na bliana 2017 agus na bliana 2018 maille le sonraí staitistice i leith na bliana 2018.<br>• Iniúchóireacht CSE i rith na bliana 2019:<br>» Údarás Iniúchóireachta CSE – Litearthacht (maidir le 2014)<br>» Údarás Iniúchóireachta CSE – TFO (maidir le 2015)<br>• Deloitte – Iniúchóireacht thar ceann SOLAS (Comhlacht Idirghabhálach) maidir le 2017/18:<br>» Litearthacht<br>» BTEI<br>» Youthreach. |

**Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | • Freastal do riachtanais Údarás Bainistíochta CSE agus na gcomharsheirbhísí.<br>• Oiliúint agus cúnamh taca do bhainisteoirí agus do theagascóirí BO re córas éilimh páirtaimsearatha ar líne DCS agus CSE.<br>• Leanadh de chúnamh taca a thabhairt do theagascóirí córas éilimh páirtaimsearatha ar líne DCS a úsáid. |
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • An próiseas aistriúcháin TFO – treisiú leis an gcur i bhfeidhm.<br>• Tiomsaíodh rialacháin TFO agus cuireadh Lámhleabhar Feidhmiúcháin le chéile don obair riaracháin ar an gClár TFO<br>• Cuidíodh leis an obair maidir le clár Youthreach a aistriú go dtí soláthar díreach BOO Chiarraí.<br>• Freastalaíodh ar chúrsa oiliúna maidir le cúrsaí Sláinte agus |
| 9. An obair maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a mheas d'fhonn pleanáil chónasctha a spreagadh chomh maith le cláir agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais i gCiarraí. | • Maoirseacht ar chúrsaí riaracháin agus airgeadais maidir le Cláir Pháirtaimseartha BOO Chiarraí de réir choinníollacha CSE.<br>• Tuairiscí a bhreacadh ar an bpróiseas maidir le cúrsa a aontú, uaireanta an chloig a áireamh agus cláir nó rollaí a líonadh.<br>• Treisíodh le hobair na nOifigeach Oideachais do Dhaoine Fásta maidir le cláir BO a phleanáil agus a chur ar fáil. |

**Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta**

*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 3. Athbhreithniú a dhéanamh ar na gnáis agus na polasaithe reatha maidir le hacmhainní daonna agus feabhas breise a thabhairt i gcrích i ndáil le riachtanais straitéiseacha Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. | • Leanadh d'athbhreithniú a dhéanamh ar Ghnáis Oibre maidir le Cláir Pháirtaimseartha mar gheall ar athruithe riachtanacha ar chóras éilimh ar líne maidir le cláir pháirtaimseartha DCS, rólanna agus réimsí freagrachta san áireamh. |
| 4. An cumas agus an inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Cuireadh ceardlann na Roinne BO&O ar siúl mar chuid den lá bliantúil oiliúna inseirbhíse do Bhainisteoirí Líne.<br>• Freastal go rialta ar chruinnithe d'Fhóram BO&O<br>• Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chóras Rialála Inmheánach na Roinne BO&O. |

## Cúnamh Feidhmiúcháin

Cuireann Cúnamh Feidhmiúcháin cúnamh riaracháin ar fáil don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus do lucht na Stiúrthóireachta i mbun archaighdeáin maidir le rialachas corparáide a thabhairt chun cinn agus cinnteoireacht ar bhonn fadtéarmach lán eolais a chothú chomh maith le grinnscrúdú iontaofa ar cheisteanna a bhaineann le hábhar.

Cinntíonn Cúnamh Feidhmiúcháin go mbíonn na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas BOO ina ábhar treorach ag an lucht Bainistíochta, ag an bhFoireann, ag an mBord agus ag comhaltaí na gCoistí, leis an aird chuí ar fheidhmeanna feidhmiúcháin agus ar fheidhmeanna forchoimeádta. Déanann Cúnamh Feidhmiúcháin timpeallacht oibre le meon maith eagrúcháin a chothú tríd an gcód iompair, na polasaithe agus na gnáis oibre a chur i bhfeidhm agus trí bhearta rialála inmheánacha a leagan amach agus a chur chun cinn.

Ar éirigh leis an Roinn Cúnamh Feidhmiúcháin a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2019 ag teacht le Spriocanna Straitéiseacha BOO Chiarraí

| **Sprioc 6: Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**<br>*Fócas: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, le baill foirne, le fostóirí, le comhpháirtithe, leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí agus soláthraithe eile oideachais chun feabhas a chur ar cháilíocht, fócas agus ábharthacht ár gcuid seirbhísí.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 3. Leanúint den fhorbairt ar mhodhanna saincheaptha comhairliúcháin den uilechuimsitheacht leis na geallsealbhóirí ar fad agus dá gcur i bhfeidhm. | • Rinneadh dul chun cinn maidir le suíomh idirlín Choláiste Chiarraí.<br>• Cuireadh tús le próiseas trína seoltar gach dréacht de Pholasaí nó de Ghnás Oibre, ní amháin chuig na Bainisteoirí Líne lena bplé leis an lucht foirne, ach chuig gach ball den fhoireann chuig a seoladh ríomhphoist oifigiúil, d'fhonn tuairimí a fháil faoi Pholasaithe agus faoi Ghnáis Oibre atá á leagan amach. |
| 8. Caidreamh éifeachtach a chothú leis an bhfoireann ionas go bhfeabhsaítear caighdeán na seirbhíse, go gcuirtear leis an inniúlacht agus leis an acmhainn feidhme agus go mbaintear barr feabhais amach maidir leis an mbealach a bpléitear le daoine. | • Foilsíodh Nuachtlitir Bhliantúil BOO Chiarraí · Príomhathruithe foirne i rith na bliana 2019<br>» Post ar Ghrád V i ndáil leis an bhfeidhm comhlíontais maidir leis na réimsí seo a leanas<br>» An Ráiteas Straitéise, an Plean Seirbhíse, an Tuarascáil Bhliantúil.<br>» Comhaontuithe Feidhmíochta agus Maoirseachta maidir le hObair a Thabhairt i gCrích idir BOO Chiarraí agus an ROS.<br>» A chinntiú go ndéantar measúnacht dhian ar thograí maidir le cláir nua agus beartaíocht faoi Chiorclán 0003/2019 agus go gcoinnitear tuairisc i scríbhinn ar an obair meastóireachta.<br>» Cuireadh Aonad Comhlíontais BOO Chiarraí ar bun. |
| 9. An obair maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a mheas d'fhonn pleanáil chónasctha a spreagadh chomh maith le cláir agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais i gCiarraí. | • Rinneadh próiseas meastóireachta a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm ionas go mbíonn éifeacht le coinníollacha faoi CL 0003/2019 – Treoirlínte Dea-chleachtais agus le coinníollacha i ndáil le Conarthaí maidir le hEarraí agus/nó Seirbhísí a Sholáthar. |

| Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i gcúrsaí Rialachais agus Ceannaireachta<br>*Fócas: A chinntiú go mbíonn na próisis bainistíochta agus riaracháin ina mbonn treise faoi na haidhmeanna straitéise a thabhairt i gcrích agus na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíontais agus follasachta á mbaint amach.* | |
|---|---|
| **Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar)** | **A ndearnadh i rith na bliana 2019** |
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid inmheánach reatha, straitéis chomhleanúnach maidir leis an gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a chaomhchóiriú trína ndéantar na spriocanna straitéiseacha a chur in iúl, struchtúir eagrúcháin, róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal a shoiléiriú agus aird a dhíriú ar phróisis cinnteoireachta. | • Forbairt leanúnach ar Pholasaithe agus ar Ghnáis Oibre d'fhonn caighdeánú a thabhairt ar an gcleachtas agus éifeachtúlacht agus cuntasacht maidir le cúrsaí rialachais agus ceannaireachta a chinntiú.<br>• Monatóireacht ar Fhorbairt Pholasaithe na hEagraíochta.<br>• Forbairt leanúnach ar Mheamraim an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin d'fhonn aird a tharraingt ar Pholasaithe agus ar Ghnáis Oibre nua-cheaptha nó leasaithe agus d'fhonn bonn a chur faoi chleachtas caighdeánaithe.<br>• Próiseas a thabhairt chun cinn maidir le Cistíocht Erasmus a aimsiú, línte soiléire ceadúcháin san áireamh. |
| 4. An cumas agus an inniúlacht ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. | • Cuireadh córais shonracha maidir leis an gcolún i bhfeidhm i ndáil le Tuairiscíocht ar an gCur i bhFeidhm agus sin i gcomhréir leis an Ráiteas Straitéise<br>• Eagraíodh Oiliúint ar chúrsaí Rialachais do na bainisteoirí líne ar ad agus do chomhaltaí nuacheaptha an Bhoird.<br>• Eagraíodh Lá Inseirbhíse Bliantúil na mBainisteoirí Líne. |
| 5. Cur leis an gcumas pleanála maidir le hacmhainní agus leis an gcumas bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfear leas as oiliúint agus as forbairt ghairmiúil leanúnach agus as struchtúir eagrúcháin níos oiriúnaí. | • Rinneadh measúnóireacht ar struchtúr chruinnithe na Stiúrthóirí agus tugadh isteach le struchtúr chruinnithe na mBainisteoirí Sinsearcha Feidhmiúcháin.<br>• Socraíodh féinmheasúnóireacht lár téarma maidir le struchtúr na mBainisteoirí Sinsearcha Feidhmiúcháin. |
| 7. Leanúint d'inniúlacht straitéiseach an Bhoird agus na gcoistí gaolmhara maidir le cúrsaí comhlíontais agus rialachais a thabhairt chun cinn. | • Reachtáladh an próiseas a éilítear faoi Alt 30 den Acht BOO 2013 maidir le Bhord nua BOO Chiarraí a cheapadh atá i mbun feidhme ón 26 Iúil 2019.<br>• Socraíodh oiliúint maidir le cúrsaí Rialachais don uile chomhalta de Bhord nua-cheaptha an BOO.<br>• Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an gCód Iompair do Chomhaltaí Bhord an BOO, do chomhaltaí na gCoistí faoi Alt 44 agus na gCoistí faoi Alt 45 i gcomhréir leis an gCód Rialachais leasaithe.<br>• Cuireadh tús le Clár an Chód Iompair a fhorbairt agus a thabhairt i bhfeidhm.<br>• Eagraíodh 13 Cruinniú Boird i rith na bliana 2019 arna chinntiú go raibh na comhaltaí Boird ar fad ag feidhmiú ar bhonn lán eolais i ndáil le feidhmeanna feidhmiúcháin agus feidhmeanna forchoimeádta.<br>• Cuireadh an Plean Seirbhíse agus an Tuarascáil Bhliantúil ar fáil faoi mar a éilítear faoin gCód Rialachais agus an tAcht BOO 2013. |

**Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

*Fócas: Margaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar na seirbhísí, an branda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir.*

| Bearta Straitéiseacha (a ndéanfar) | A ndearnadh i rith na bliana 2019 |
|---|---|
| 2. Feidhm cumarsáide faoi leith a chur ar bun laistighde Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar mhaithe le forfheabhsú ar an gcumarsáid inmheánach agus ar an gcumarsáid sheachtrach. | • Lean an tOifigeach Cumarsáide den fhorfheabhsú ar an gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach leis an mbeartaíocht seo a leanas;<br>» Athfhorbairt ar shuíomh idirlín BOO Chiarraí.<br>» Rannóg na nuachta ar ar shuíomh idirlín BOO Chiarraí a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le haimsir.<br>» An caighdeánú ar bhranda BOO Chiarraí a chur chun cinn, dearadh lógó san áireamh agus a chur i bhfeidhm ar fud na bhformáidí cumarsáide ar fad, go hinmheánach agus go seachtrach.<br>» Comhordú ar an gcumarsáid ar na meáin shóisialta ar fud na scéime.<br>» Ionadaíocht thar ceann BOO Chiarraí ag imeachtaí pobail agus sóisialta a bhain le hábhar.<br>» Tráchtaireacht leordhóthaineach ar na meáin chumarsáide maidir le himeachtaí pobail agus sóisialta BOO Chiarraí a chinntiú.<br>» Comhordú ar fhorbairt agus ar fhoilsiú Nuachtlitir Bhliantúil BOO Chiarraí. |
| 3. Straitéis margaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú. | • Eagraíodh tráchtaireacht ar na meáin cumarsáide agus agallaimh raidió d'fhonn poiblíocht d'imeachtaí agus do thorthaí an tsaothair.<br>• Eagraíodh cruinnithe rialta pleanála leis an lucht bainistíochta d'fhonn imeachtaí agus beart ar fud na scéime a thabhairt chun suntais.<br>• Cothaíodh dea-chaidreamh fónta le lucht bainistíochta agus tuairisceoirí na nuachtán áitiúil, le grianghrafadóirí agus le láithreoirí raidió etc.<br>• Baineadh leas as árdáin na meán sóisialta chun gnéithe uile bheartaíocht na scoileanna, na n-ionad agus na gclár a chur chun cinn. |
| 4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm. | • Cuireann BOO Chiarraí na seirbhísí ar fáil i nGaeilge nuair a iarrtar sin.<br>• Déantar foilseacháin BOO Chiarraí a fhoilsítear le hairgead ón ROS a phriontáil agus a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.<br>• Bíonn ranganna Gaeilge ar fáil ag an lucht foirne.<br>• Leanadh de chruinnithe choiste stiúrtha na Gaeilge chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar úsáid na Gaeilge ag daltaí/foghlaimeoirí agus daoine den fhoireann agus chun úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chothú. |
